

Health Information and Quality Authority

An tÚdarás Um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte







# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2010





Curtha faoi bhráid an
Aire Sláinte agus Leanaí
de réir an Alt 37 an Acht
Sláinte 2007.

# Réamhrá an Chathaoirligh

Le linn na bliana imithe tharainn, d'oibrigh an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte chun feabhas a chur ar an gcáilíocht, ar an sábháilteacht agus ar an bhfoghlaim inár seirbhísí sláintiúla agus sóisialta ar mhaithe le hothar agus le daoine atá ag baint úsáide as na seirbhísí agus ar mhaithe leo siúd a sholáthraíonn iad freisin.

Ceann de na forbairtí is suntasaí don Údarás le linn na bliana ná teacht ar aghaidh *Chaighdeáin Dréachta do Chúram Sláinte Níos Sábháilte agus Níos Fearr*, tar éis phróiseas comhairlithe fhorleathain phoiblí. Faoin am a dtugtar údarás dóibh, beidh na Caighdeáin seo curtha i bhfeidhm go náisiúnta agus ansin déanfaidh an tÚdarás monatóireacht ar ghéilliúlacht dóibh d'fhonn a mheas cén chaoi a bhfuil siad á leanúint, i gcleachtas. Greannóidh na Caighdeáin an chaoi ina soláthraítear agus ina n-eagraítear seirbhísí faoi láthair agus cuirfidh siad dlús taobh thiar den ghluaiseacht ar son athruithe córasacha ar leas othar. Mar chuid den obair leanúnach is againn forbairtí a chur chun cinn, d'fhoilsíomar an Tuarascáil Náisiúnta ar Cháilíocht agus Sábháilteacht de Sheirbhísí Ghalar Siomptóim Chíche in Éirinn agus ocht dtuarascáil ar ospidéil áitiúla de na haonaid ainmnithe. Ag obair leis an gClár Náisiúnta Rialaithe Ailse agus na haonaid áitiúla, sheas an obair seo d'ardú suntasach i gcumas agus in inniúlacht an chórais sláinte cúram níos sláine agus níos fearr a sheachadadh dóibh siúd le galar siomptóim chíche. Chomh maith leis sin, sa bhliain 2010 thosaíomar ar imscrúdú ar cháilíocht agus ar shábháilteacht na seirbhísí ag an Ospidéal Ginearálta, Mala. D'fhorbair agus chuir an tÚdarás tuarascáil faoi bhráid an Aire Sláinte agus Leanaí agus Fheimmeanach na Seirbhíse Sláinte ar *Eocharthádscairí Comhlíonta. Chúram Éigeandála Réamhospidéil le haghaidh Amanna Práinnfhreagartha*. Mionsonraíonn na táscairí agaí freagartha cuspóirí freagartha am-bunaithe d'othair le coinníollacha éigeandála agus éilíonn sé ó sholáthraithe seirbhísí tús a chur le próiseas tuarascála poiblí i leith a gcomhlíonadh agaí freagartha.

Lean an tÚdarás ar aghaidh leis an eochair-obair d'ionaid sainithe don aosta a chlárú agus a iniúchadh. Chuir Cigirí an Údaráis breis agus 800 cigireacht i gcrích agus déantar an obair seo ar bhonn leanúnach, rud a léiríonn sainchúram cáilíochta agus sábháilteachta an Údaráis trí rialúchán seirbhísí chun feabhas a chur ar chúram do dhaoine leochaileacha.

Is gné tábhachtach agus fairsingiú dár gcuid oibre é leanaí a chosaint agus sa bhliain 2010 d'fhorbraíomar *Treoir d'Fheidhmeannach na Seirbhíse Sláinte chun Athbhreithniú a dhéanamh ar Tharluithe Dáiríre, Bás Leanaí faoi Chúram san áireamh*. Cuir an tÚdarás tuarascálacha amach freisin maidir leis an tseirbhís altramú i gceantair áirithe i mBaile Átha Cliath agus i gCorcaigh le linn na bliana agus i gcomhpháirtíocht le Cumann na nDaoine Óga faoi Chúram na hÉireann thug an tÚdarás faoi thuarascáil maidir leis an gcaoi ina mbreathnaíonn daoine óga sa chóras cúraim in Éirinn ar phróiseas cigireachta an Údaráis.

Cuireadh tús le Measúnacht Teicneolaíochta Sláinte (HTA) chun eolas a chur ar fáil agus dea-thionchar a imirt ar chinnteoireacht náisiúnta in Éirinn. Le linn na bliana 2010, rinne an tÚdarás forbairt ar ár n-inniúlacht agus ár gcumas HTA a úsáid ar mhaithe lenár n-othar agus ar mhaithe le córas sláinte feidhmiúla. Ceann de na buaicphointí den bhliain ná nuair a bhíomar inár n-óstach do chomhdháil HTAi, 2010. Tharraing an chomhdháil 1,200 toscaire ó 58 tír go hÉirinn, an cruinniú is mó a bhí ag aon chomhdháil HTAi in áit ar bith ar domhain riamh. Thug an chomhdháil seo cumas luamháin don Údarás agus thug sé deis dó eolas idirnáisiúnta chomh maith le dea-chleachtas a roinnt i leith HTA. Chomh maith leis sin, tá prionscagachán tiúchán eiritricítí chun an riosca ghalar athraitheach Chreutzfeldt-Jakob a laghdú HTA curtha i gcrích ag an Stiúrthóireacht HTA is againn.

Go hidirnáisiúnta, tá sé tar éis a bheith measta go bhfuil suas go 30% de buiséad sláinte thír caite ar eolas sláinte – bailiú, stóráil, bainistiú agus dul sa tóir air. Mar sin tá sé riachtanach go ndéantar bainistiú air chomh feidhmiúil agus chomh héifeachtach agus is féidir ar mhaithe le luach ar airgead a chinntiú. Tá soláthar eolas sláinte cothrom le dáta thar a bheith tábhachtach in aon chóras sláinte agus feabhsaíonn úsáid éifeachtach agus fheidhmiúil eolas othair sábháilteacht agus cáilíocht an chúraim a chuirtear ar fáil do dhaoine eile. Is mar gheall air seo gur fhoilsigh an tÚdarás sraith treorach ar eolas sláinte le linn na bliana, *Treoir ar Mheasúnacht Turrainge Príobháideachta i gCúram Sláinte agus Sóisialta, Catalóg Náisiúnta d'Fhoinsí Eolais Shláinte in Éirinn, agus Eolas Atreoraithe Othar a Chaighdeánú*, ina measc.

Ardóidh géilleadh do na treoirlínte seo iontaofacht agus slándáil ár gcumarsáid leictreonach idir othair agus soláthairtí seirbhísí. Thug

ár Stiúrthóireacht um Eolas Sláinte faoi ollchomhairliú poiblí ar an ngnáthchleachtas a bhaineann le hatreorú othar agus tuairisceoidh sí agus déanfaidh sí moltaí náisiúnta ar an toradh níos déanaí i mbliana.

Mar chlabhsúr, ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl don bhainistíocht sinsear, an fhoireann, agus Bord an Údaráis a thaispeáin toirbhirt agus paisean éachtach thar an 12 mhí imithe tharainn i ngach réimse dár gcuid oibre.

Leanfaidh mo chomhghleacaithe ar an mBord agus mé féin ar aghaidh ag soláthar tacaíocht don Príomhfheidhmeannach agus a foireann, agus an fhoireann uile de chuid an Údaráis, agus muid ag leanúint inár misean dlús a chur faoi chúram ar ardchaighdeán agus sábháilte agus baint úsáide as ár seirbhísí sláinte agus sóisialta.



**Pat McGrath**
Cathaoirleach

# Clár


1 Maidir leis an Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte 7
- 1.1 Réamhrá 8
- 1.2 Ár Sainordú agus Ár gCuid Feidhmeanna 9
- 1.3 Ráiteas Misin agus Bunluachanna 11

2 Rialachas agus Bainistíocht 13
- 2.1 Bord an Údaráis 14
- 2.2 Cruinnithe an Bhoird 16
- 2.3 Coistí an Bhoird 16
- 2.4 Struchtúr Eagraíochtúil agus Foireann Bhainistíochta Feidhmiúcháin 17

3 Aidhmeanna Straitéiseacha agus Mórghníomhartha 21
- 3.1 Aidhmeanna Straitéiseacha 22
- 3.2 Achoimre ar Mhórghníomharthaí ó 1 Eanáir go 31 Nollaig 2010 24

4 Gníomhaíochtaí an Lucht Stiúrthóireachta 27
- 4.1 Cáilíocht agus Slándáil Chúram Sláinte 28
- 4.2 Tuarascáil ó Oifig an Phríomh-Chigire Seirbhísí Sóisialta / ón gCigireacht Seirbhísí Sóisialta 38
- 4.3 Eolas Sláinte 50
- 4.4 Measúnú ar Theicneolaíocht Sláinte 57
- 4.5 Seirbhísí Corparáideacha 68
- 4.6 Cumarsáid agus Teagmháil le Páirtithe Leasmhara 74
- 4.7 Oifi g an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin 80

5 Eolas Airgeadais 85
- 5.1 Ráitis Airgeadais 86

6 Aguisíní 89
- Aguisín 1: Gníomhaíocht agus Tinreamh an Bhoird 90
- Aguisín 2: Struchtúr na hEagraíochta 92
- Aguisín 3: Tuarascáil Rialachais agus Géilliúntais Bhliantúil don Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte 93

# 1 Maidir leis an Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte



## 1.1 Réamhrá

Tá an Tuarascáil Bhliantúil seo ar an gceathrú Tuarascáil Bhliantúil ón Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte agus tugann sé léargas ginearálta ócáideach ar an obair a thug an tÚdarás faoi le linn na bliana 2010 agus ar an gcomhthéacs ina rinneadh an obair seo. Ina theannta sin, tugann sé léargas ar an tionchar atá ag an obair seo i bhfeabhas a chur ar cháilíocht agus ar shlándáil i measc seirbhísí sláinte agus sóisialta in Éirinn as a dtairbhíonn othair agus daoine.

San Údarás, creidimid nach bhfuil ár n-aidhmeanna á bhaint amach againn mura bhfuil difríocht dearfach á dhéanamh againn do shaolta na ndaoine a úsáideann na seirbhísí sláinte agus sóisialta is againn.

Mar fhreagra ar na dúshláin suntasacha a gcaithfear dul i ngleic leo mar gheall ar na hathruithe sa gheilleagar, rinne an tÚdarás an cinneadh *Plean Corparáideach 2010-2012* nua a fhorbairt, bliain roimh am. Thugamar faoi deara go raibh deiseanna ag teacht chun solais sna cúinsí fioscacha athraithe a thug deis dúinn luach breise, leas ar airgead uasmhéadaithe agus ionchais fheabhsaithe a sholáthar do na daoine a bhaineann úsáid as ár seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta. Chun na deiseanna seo a thapú, rinneamar iarracht obair gan airgead a chur amú, chomh fada agus b'fhéidir agus d'oibríomar le heagraíochtaí eile chun dúbailt a laghdú thar an gcóras.

Cé go rabhamar i gcónaí feasach ar an ngá le luach a chur tríd ár gcuid oibre, bhí sé seo go mór chun tosaigh sa chur chuige is againn i bhforbairt ár bPleananna nua Gnó agus Corparáideacha. Chuamar i gcomhairle le réimse leathan daoine agus eagraíochtaí agus rinneamar machnamh ar an méid a bhí foghlamtha thar na trí bliana imithe tharainn le teacht ar na háiteanna inár gcreideamar go raibh gá le feabhsúcháin sa chóras sláinte agus chúram sóisialta.

San aeráid geilleagair seo, táimid an-fheasach ar an gcaoi a bhfuil nuálaíocht agus cruthaíocht riachtanach chun an turraing is mó a fháil ar fheabhsuithe i gcáilíocht agus i slándáil sheirbhísí sláinte agus sóisialta na hÉireann. Le linn na bliana 2010, rinneamar forbairt ar réimse tionscnaimh agus chuireamar critéir ar leith i bhfeidhm ar na tionscnaimh seo chun cabhrú linn tosaíocht a thabhairt dóibh. Chuimsigh siad turraing, an

fhéidearthacht le feabhas a dhéanamh, an fhéidearthacht rudaí a chur i bhfeidhm, ailíniú agus aon úsáid ó acmhainní an Údaráis.

Chun leas a bhaint ó na dúshláin os ár gcomhair, agus ag coinneáil i gcónaí aireach ar ár sainchúram mar eagraíocht poiblí freagrach as an gcleachtas is fearr d'úsáid airgead poiblí, thosaíomar ar chlár athruithe eagraíochtúil inmheánaigh a chur i bhfeidhm. Cinntíonn sé seo go n-oibríonn ár bhfostaithe ar bhealach níos traseagraíochtúla, ag luamhán agus ag optamú úsáid a bhaint as scileanna reatha ar bhealach neodrach i leith costais, más féidir. Tá an cur chuige seo dár gcumasú a bheith níos nuálaíoch agus feidhmiúlachtaí a bhaint amach taobh istigh den Údarás. Thosaíomar ag neartú ár mbunphróisis ghnó agus ár struchtúir inmheánacha chun a bheith inár n-eagraíocht níos feidhmiúla a stiúrann turraing agus athrú i seirbhísí sláinte agus sóisialta na hÉireann agus leanaimid ar aghaidh leis seo sa bhliain 2011.

## 1.2 Ár Sainordú agus Ár gCuid Feidhmeanna

Tá an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte ar an Údarás neamhspleách bunaithe chun dul chun cinn leanúnach a stiúradh i seirbhísí sláinte agus cúraim sláinte na hÉireann.

Fairsingíonn sainordú an Údaráis thar an gcáilíocht agus an slándáil de na hearnálacha seo a leanas; poiblí, príobháideach (laistigh dá fheidhm cúraim sóisialta) agus deonach. Ag tuairisciú díreach chuig an Aire Sláinte agus Leanaí, tá dualgas reachtúil ag an Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte as na rudaí seo a leanas:

**Ag Cur Síos Caighdeáin dár Seirbhísí Sláinte agus Sóisialta** — Ag déanamh forbartha ar chaighdeáin bunaithe ar an duine, bunaithe ar fhianaise agus dea-chleachtas idirnáisiúnta, do sheirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta in Éirinn (seachas seirbhísí sláinte mheabhrach)

**An Chigireacht Sheirbhísí Sóisialta** — Clárú de agus cigireacht ar thithe cónaithe do pháistí, don aosta agus do dhaoine faoi mhíchumas. Ag déanamh cigireachta ar scoileanna coinneála do pháistí agus seirbhísí altramais. Ag déanamh monatóireachta ar áiseanna lae agus réamhscolaíochta[1]

[1] *Níor cuireadh tús le gach cuid den reachtaíocht ábhartha, An tAcht Sláinte 2007, go fóill.*

**Ag déanamh monatóireachta ar Cháilíocht Cúraim Shláinte** — Ag déanamh monatóireachta ar chaighdeáin cháilíochta agus slándála inár seirbhísí sláinte agus ag fiosrú, más cuí, cásanna dáiríre maidir le sláinte agus le leas na n-úsáideoirí seirbhíse

**Measúnacht ar Theicneolaíocht Sláinte** — Ag cinnte an toradh is fearr don úsáideora seirbhíse trí mheasúnú a dhéanamh ar an fheidhmiúlacht chliniciúil agus gheilleagrach de dhrugaí, de threalamh, de theicnicí diagnóis eacha agus de ghníomhaíochtaí chur chun cinn sláinte

**Eolas Sláinte** — Ag cur comhairle ar bhailiú agus ar roinnt eolais thar na seirbhísí, ag déanamh measúnú ar eolais agus ag foilsiú eolais maidir leis an seachaid agus an gcaoi ina bhfuil ag éirí le seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta na hÉireann.

Faoi thabhairt faoinár bhfeidhmeanna, tá an tÚdarás tiomanta d'obair go dlúth le grúpa éagsúil de dhaoine; na daoine atá ag baint úsáide as seirbhísí sláinte agus sóisialta, a gcúramóirí, daoine gairmiúla laistigh den earnáil, soláthairtí poiblí, príobháideacha agus deonacha, An Roinn Sláinte agus Leanaí agus aon pháirtí leasmhara eile, náisiúnta nó idirnáisiúnta, san áireamh.

Le linn na bliana 2010, lean an tÚdarás ar aghaidh a mhóiminteam a choinneáil trí thabhairt faoina fheidhmeanna lárnacha. Anuas air sin, chuaigh sé chun a bheith ina shínitheoir de Slándáil an Othair ar dTús – tionscnamh ardú-feasachta a úsáideann eagraíochtaí cúraim shláinte chun a dtiomantas do shlándáil othar a fhógairt. Trí pháirt a ghlacadh sa tionscnamh seo, tá na daoine ag glacadh páirte ag déanamh iarrachta a ról a imirt i gcur chun cinn an slándáil agus an cháilíocht de sheirbhísí cúraim shláinte. Tá sé i gceist ag an ngeall seo móiminteam a chruthú le haghaidh athruithe dhearfaigh i dtreo slándáil othar arduithe.

## Ár Sainordú Dlíthiúil

Faigheann an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte a shainordú, agus glacann sé a fheidhmeanna de bhun Acht na Sláinte 2007 agus reachtaíocht ábhartha eile (An tAcht um Chúram Leanaí, 1999 arna leasaíodh, agus Acht na Leanaí 2001 arna leasaíodh, An tAcht um Oideachas do Dhaoine le Sainriachtanais Oideachasúla 2004 agus an tAcht um Mhíchumas 2005).

Cuirtear an Tuarascáil Bhliantúil seo, a imlíníonn obair an Údaráis ón 1d Eanáir go 31 Nollaig 2010, i láthair de réir ceanglais reachtúla Acht na Sláinte 2007, agus cuireann sé gléasanna an Údaráis san áireamh chun forfheidhmiú agus taobhú leis an gCód Rialachais le haghaidh eagraíochtaí poiblí a choinneáil. Cuireann sé Tuarascáil Bhliantúil an Phríomhchigire Seirbhísí Sóisialacha san áireamh agus an Tuarascáil Bhliantúil maidir le Rialachas agus Géilliúlacht mar a theastaítear ó Acht na Sláinte 2007.

## 1.3 Ráiteas Misin agus Bunluachanna

Is féidir fís, misean agus luachanna an Údaráis a thuairisciú mar chreidimh na heagraíochta, a imríonn tionchar ar a uain ar roghnú gníomhaíochtaí agus an cur chuige a ghlacaimid chun iad a fheidhmiú. I ndáiríre, is féidir é a thuairisciú mar "phearsantacht" an Údaráis.

### Ár bhfís

Is é ár bhfís cúram sláinte agus sóisialta níos fearr do gach duine, tacaithe ag caighdeáin agus cinntiú a bhfeabhsaíonn sábháilteacht agus cáilíocht sheirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta.


### Ár misean

Tagann misean an Údaráis ó fheidhmeanna reachtúla a thuairiscíodh in Acht na Sláinte 2007 agus is é sin:

***"Cúram ardchaighdeáin agus sábháilte a chur chun cinn do dhaoine a bhaineann úsáid as ár seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta."***

## Ár luachanna

Luaitear agus maisítear cór-luachanna an Údaráis thíos i Léaráid 1.




Léaráid 1: Bunluachanna an Údaráis

**Ag tabhairt tús áite do dhaoine** – cuirfimid riachtanais agus glórtha úsáideoirí seirbhísí agus a soláthraithe i gcroílár ár n-oibre.

**Cothrom agus Oibiachtúil** – beimid cothrom agus oibiachtúil inár mbeartaíocht le daoine agus le heagraíocht, agus glacfaimid ár n-obair mar chúram agus gan fhaitíos nó fabhar.

**Oscailte agus Freagrach** – roinnfimid eolas faoi nádúr agus torthaí ár n-oibre, agus glacfaimid freagracht iomlán as ár ngníomhaíochtaí.

**Feabhas agus Nuálaíocht** – déanfaimid dianiarracht inár n-obair, agus beimid ag lorg feabhsaithe leanúnach trí fhéinmheastóireacht agus nuálaíocht.

**Ag obair le chéile** – rachaimid i ngleic le daoine ag soláthar agus daoine ag baint úsáide as na seirbhísí chun gach gné dár n-obair a fhorbairt.

# 2 Rialachas agus Bainistíocht



## 2.1 Bord an Údaráis

Bunaíodh Bord an Údaráis ar 15 Bealtaine 2007. Cuimsítear Cathaoirleach agus 11 stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin bhreise ann. Cuimsíonn na Stiúrthóirí réimse leathan d'eispéireas lena n-áirítear ionadaíocht ó phroifisiúnaigh shláinte agus cúraim shóisialta, baill thuatha agus tionsclaíochta. Is iad seo a leanas baill an Bhoird:



**Pat McGrath**
(Cathaoirleach), Príomhfheidh-meannach, Grúpa Bainistíochta




**Dolores Quinn**
Bainisteoir Margaíochta agus Cumarsáide, Saotharlanna Abbott



**Bryan Barry**
Ard-Rúnaí Cúnta, Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann



**Sheila O'Connor**
Comhordaitheoir, Fócas Othar



**Angela Kerins**
POF, An Grúpa Rehab agus Cathaoirleach an tÚdarás Comhionannais




**Grainne Tuke**
Aturnae, BSL (Bord Soláthair an Leictreachais)



**An tOllamh Geraldine McCarthy**
Déan Scoil Altranais agus Cnáimhseachais, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh



**Philip Caffrey***
Iar-Stiúrthóir le United Drug CPT agus Iar-Stiúrthóir le hÚdarás Eitlíochta na hÉireann



**An tOllamh Damien McLoughlin***
Ollamh le Margaíocht, Scoil Ghnó Iarchéime Michael Smurfit Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath



**An tOllamh Samuel J. McConkey***
Ceann Roinne Liacht Sláinte agus Trópaiceach Idirnáisiúnta ag Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn, agus comhairleoir i Liacht Trópaiceach, i nGalair Thógálacha agus Liacht Ghinearálta ag Ospidéal Beaumont, Baile Átha Cliath agus Ospidéal Mhuire Lourdes, Droichead Átha



**An tOllamh Cillian Twomey***
Cathaoirleach, Foras Oispíse na hÉireann



**Richard Hannaford***
Scríbhneoir agus craobhscaoilteoir



**An Dr Michael Barry****
Stiúrthóir
Liachta, an tIonad Cógaseacnamaíoch Náisiúnta agus Lia Comhairleach, Ospidéal San Séamas, Baile Átha Cliath



**An Dr Brian Meade****
Dochtúir Ginearálta, agus Stiúrthóir an Chláir Oiliúna Náisiúnta GPIT



**Dan Byrne****
Cathaoirleach, Lincor Solutions Teo



**An Dr Ian Callanan****
Tacaíocht Iniúchta Chliniciúil, Grúpa Cúraim Shláinte Naomh Uinseann, Baile Átha Cliath



**David O'Hora****
Stiúrthóir, Gníomhaireacht Margaíochta, Fógraíochta agus Cumarsáide Deisceartaí



* *Le linn na bliana 2010, ghlac na baill Bhoird nua Bord an Údaráis*

** *Le linn na bliana 2010, sheas na baill Bhoird seo síos ó Bhord an Údaráis*

Is bord bainistíochta an Údaráis é an Bord agus dá bhrí sin tá sé freagrach as rialachas oiriúnach an Údaráis agus as cinntiú go bhfuil córais éifeachtacha rialaithe inmheánaigh, géilliúntas reachtúil agus oibríochtúil agus bainistíocht riosca.

Déanann an tÚdarás iarracht a bheith ina eagraíocht solúbtha agus fheidhmiúil leis na caighdeáin is airde de rialachas agus géilliúlacht chorparáideach. Cuireadh roinnt tionscnamh chun cinn le linn na bliana chun tuilleadh feabhais a chur leis na córais rialachais chorparáidigh, struchtúir bainistíochta riosca, TF, bainistíocht acmhainní daonna agus airgeadúil taobh istigh den Údarás.

Tá tuarascáil níos beaichte orthu seo faoin thuarascáil Oifig an Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin ar leathanach 79, tuarascáil Stiúrthóireacht na Seirbhísí Corparáideacha ar leathanach 67 agus sa Tuarascáil Bhliantúil maidir le Rialachas agus Géilliúlacht ar leathanach 93.

## 2.2 Cruinnithe an Bhoird

Reáchtáladh 14 cruinniú Boird le linn na bliana 2010. Anuas air seo, reáchtáil an Bord seisiúin chun féachaint ar an straitéis fháistineach don Údarás agus é seo amháin. (Féach Aguisín 1 le haghaidh liosta na gcruinnithe agus tinreamh.)

## 2.3 Coistí an Bhoird

Tá ceithre fochoiste mar chuid den Bhoird. Seo a leanas iad:

- **Coiste Rialachais Sláinte agus Cúraim Sóisialta** a dhéanann maoirsiú ar éifeachtach, rialachas agus smachta a bhaineann le seachadadh feidhmeanna sláinte agus cúraim shóisialta an Údaráis. Bhuail an coiste seo le chéile faoi thrí le linn na bliana 2010
- Déanann **Coiste Iniúchta agus Rialachais Chorparáidigh** monatóireacht ar ghéilliúntas an Údaráis lena fheidhmeanna reachtúla, bainistíocht riosca agus socruithe iniúchta inmheánaigh. Bhuail an coiste seo le chéile faoi cheathair le linn na bliana 2010
- Cuireann **Coiste Eolais, Teicneolaíochta agus Taighde** comhairle ar an mBord ar phríomhghnéithe d'fheidhmeanna eolais agus teicneolaíocht leighis agus socruithe rialachais a bhaineann lena thionscadail. Bhuail an coiste seo le chéile faoi thrí le linn na bliana 2010
- Déanann **Coiste Luach Saothair agus Ainmniúcháin** monatóireacht ar na riachtanais eagraíochtúla agus forbairt bhainistíochta an Údaráis. Bhuail an coiste seo le chéile faoi thrí le linn na bliana 2010.

## 2.4 Struchtúr Eagraíochtúil agus Foireann Bhainistíochta Feidhmiúcháin

Tá an tÚdarás tar éis é féin a eagrú chun a phríomhghníomhaíochtaí a léiriú. De thoradh air seo, tá sé Stiúrthóireacht agus Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh, atá á stiúradh agus á bainistiú ag an bhFoireann Bhainistíochta Feidhmiúcháin. Tá an struchtúr eagrúcháin le feiceáil in Aguisín 2.


Is iad seo a leanas baill Fhoireann Bhainistíochta Feidhmiúcháin:



**An Dr Tracey Cooper**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin



**An Dr Marion Witton***
Príomhchigire
Chigireacht Seirbhísí Sóisialta



**An tOllamh Jane Grimson**
Stiúrthóir Eolais Sláinte



**An Dr Mairin Ryan**
Stiúrthóir Mheasúnú Teicneolaíocht Sláinte




**Jon Billings**
Stiúrthóir Cháilíocht agus Sábháilteacht Chúraim Sláinte



**Richard O'Sullivan**
Comhairleoir Dlíthiúil



**Sean Angland**
Ceannasaí Seirbhísí Corparáideacha



**Marty Whelan**
Ceannasaí Cumarsáide agus Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara



**Kathleen Lombard**
Rúnaí an Bhoird agus Bainisteoir Riosca

** Ag deireadh na bliana 2010, chuaigh an Dr. Marion Witton ar scor ón Údarás.*


Tá feidhmeanna na bPríomhchigirí leagtha amach i dTábla 1.

Tábla 1: Imlíne Achoimre Fheidhmeanna Stiúrthóireachta

| Stiúrthóireacht | Imlíne Achoimre |
|---|---|
| **Cáilíocht agus Sábháilteacht Cúraim Shláinte (CSCS)** | Ag forbairt caighdeáin atá dírithe ar dhaoine do chúram sláinte agus sóisialta. Ag forbairt agus ag feidhmiú chlár monatóireachta chun feabhsaithe ar chaighdeáin cháilíochta agus sábháilteachta i gcúram sláinte a chur chun cinn. Má mheastar is gá, tabharfar faoi iniúchtaí nuair atá cúiseanna réasúnta le creidiúint go bhfuil contúirt dáiríre do shláinte nó leas an duine ag fáil seirbhísí. |
| **Cigireacht na Seirbhísí Sóisialta (CSS)** | Ag déanamh iniúchta agus ag clárú sheirbhísí cúraim shóisialta, sheirbhísí cónaitheacha do dhaoine aosta san áireamh, sheirbhísí cónaitheacha do pháistí agus sheirbhísí cónaitheacha do dhaoine faoi mhíchumas. Má mheastar is gá, tabharfar faoi iniúchtaí nuair atá cúiseanna réasúnta le creidiúint go bhfuil contúirt dáiríre do shláinte nó leas an duine ag fáil seirbhísí. |
| **Eolas Sláinte (HI)** | Ag déanamh sainaitheanta agus ag cur comhairle ar easpaí faisnéise sláinte; ag bunú chreatlach rialachais faisnéise agus ag leagan síos caighdeáin d'fhaisnéis shláinte nó do sheirbhísí faisnéise sláinte; ag meas agus ag soláthar faisnéise ar sholáthar sheirbhísí sláinte agus sóisialta. |

| Stiúrthóireacht | Imlíne Achoimre |
|---|---|
| **Measúnú ar Theicneolaíocht Sláinte (MTS)** | Ag cinntiú go n-úsáidtear acmhainní inár seirbhísí sláinte ar bhealach a chinntíonn an toradh is fearr don othar nó don úsáideoir seirbhíse - go sonrach trí mheasúnú (agus ag tacú leis na measúnaithe) a dhéanamh ar éifeachtacht chliniciúil agus chostas theicneolaíochtaí sláinte. |
| **Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara (Cumarsáid)** | Ag bainistiú cumarsáide agus rannpháirtíocht pháirtithe leasmhara go léir, le luch féachana idir inmheánach agus seachtrach, agus ag forbairt caidreamh comhoibritheach thar na córais sláinte agus chúraim shláinte. |
| **Seirbhísí Corparáideacha (SC)** | Ag cinntiú go bhfuil an tÚdarás oiriúnach don fheidhm bheartaithe, trí leas éifeachtach, feidhmíochta, bainistíochta agus earcaíocht na foirne, áitrimh, seirbhísí eolas bainistíochta agus príomhsheirbhísí tacaíochta eile. |
| **Oifig an Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin (Oifig POF)** | Ag tabhairt maoirseachta, treoraithe agus tacaíochta chun an tÚdarás a chumasú a gcuid aidhmeanna a bhaint amach go héifeachtach agus go héifeachtúil i slí dea-rialaithe. |

# 3 Aidhmeanna Straitéiseacha agus Mórghníomhartha



## 3.1 Aidhmeanna Stráitéiseacha

Chlúdaigh an chéad Phlean Corparáideach trí bliana de chuid an Údaráis an tréimhse idir 2008 go 2010, ar aon dul leis na riachtanais d'Acht na Sláinte 2007. Rinne Bord an Údaráis an cinneadh, in aithne na hathruithe sa timpeallacht fhioscach, deireadh a chur leis an bPlean Corparáideach ag mí na Nollag 2009 agus forbairt a dhéanamh ar *Phlean Corparáideach 2010 – 2012* nua. Rinneadh an cinneadh seo chun ár dtosaíochtaí athruithe a léirí, ag cinntiú go mbaineann an tÚdarás úsáid as na hacmhainní tugtha dó ar an mbealach is cost-éifeachtaí agus sonraithe, ag seachadadh an t-uasmhéid turrainge ar mhaithe le sláinte agus leas an phobail. Mhol an tAire Sláinte agus Leanaí an plean nua seo agus bhí na heochairaidhmeanna straitéiseacha de chuid an Údaráis ann thar an tréimhse ama seo agus leag sé síos an chaoi in raibh sé i gceist ag an Údarás na hacmhainní ar fáil dó a sheachadadh sa phlean.

Forbraíodh, uchtaíodh agus cuireadh Plean Gnó don bhliain 2010 i bhfeidhm freisin le linn na bliana. Leag sé síos na gníomhaíochtaí a thabharfadh an tÚdarás faoi sa bhliain 2010 d'fhonn a aidhmeanna cuspóra a bhaint amach sa *Phlean Corparáideach 2010 – 2012* athbhreithnithe.

Tá tuarascáil ar an dul chun cinn ar na gníomhaíochtaí ar fad a dtugadh faoi sa bhliain 2010 sa Tuarascáil Bhliantúil seo, ar chur i bhfeidhm na haidhmeanna arna rinneadh cur síos orthu sa Phlean Corparáideach nua. Tá cur síos déanta ar an haidhmeanna straitéiseacha don tréimhse seo i dTábla 2 thall.

## Tábla 2: Aidhmeanna Stráitéiseacha 2010 go 2012

| Aidhmeanna straitéiseacha ó 2010 – 2012 |
|---|
| 1. Forbairt a dhéanamh ar chórais rialála éifeachtacha do cháilíocht agus sábháilteacht cúram sláinte agus sóisialta a chuimsíonn caighdeáin cháilíochta agus sábháilteachta náisiúnta, córais mheasúnaithe agus mhonatóireachta, miosúir agus táscairí. |
| 2. Clár rialála ard-thurraingeach a chur i bhfeidhm a chuimsíonn seirbhísí a chlárú más cuí, monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíocht trí chigireacht a dhéanamh i gcoinne caighdeán náisiúnta, rioscaí féideartha do shláinte agus do leas úsáideoirí seirbhíse a fhiosrú agus tuairisciú phoiblí a dhéanamh ar ár dtorthaí. |
| 3. Caighdeáin a leagadh síos chun dlús a chur le húsáid fheidhmiúil agus éifeachtach d’eolas sláinte agus do theicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide chun feabhas a chur ar cháilíocht agus ar sábháilteacht cúraim shláinte agus shóisialta. |
| 4. Chun comhairle a chur maidir le hinfheistiú nó dí-infheistiú, cinntí atá slán, éifeachtach, an t-uasmhéid agus is féidir a dhéanamh de shláinte agus mhaitheas an phobail agus luach ar airgead a bhaint amach. |
| 5. Feabhas sheirbhísí sláinte agus sóisialta a chur chun cinn trí clár struchtúrtha a sheachadadh dírithe ar dhea-chleachtas a shainaithint agus a roinnt, forbairt a dhéanamh ar inniúlacht agus ar chumas trí úsáid níos fearr a bhaint as acmhainní agus trí ghníomhartha fócasaithe a éascú in idirghabhálacha slándála profa. |
| 6. A léirí, faoin mbliain 2012, go bhfeidhmíonn an tÚdarás mar eagraíocht éifeachtach, fheidhmiúil agus dea-rialaithe le dea-thurraing ar sheirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta. |


## 3.2 Achoimre ar Mhórghníomharthaí ó 1 Eanáir go 31 Nollaig 2010

Chuimsigh mórghníomharthaí na bliana na rudaí seo a leanas:

- ag críochnú phróiseas comhairlithe náisiúnta ar na *Dréachtchaighdeáin Náisiúnta le haghaidh Chúram Sláinte Níos Sábháilteachta agus Níos Fearr*
- ag clárú agus ag déanamh cigireachta ar ionaid chónaitheacha, lena n-áirítear tithe altranais, agus ag foilsiú na tuarascálacha cigireachta
- ag cur tús le fiosrúchán ar cháilíocht agus sábháilteacht seirbhísí agus ag tacú le socruithe curtha ar fáil ag Feidhmeannach na Seirbhíse Sláinte (FSS) at Ospidéal Ginearálta, Mala
- ag foilsiú na *Dréachtchaighdeáin le haghaidh Shábháilteacht agus Folláine Páistí agus Daoine Óg i Seirbhísí Cónaitheacha agus Cúram Altrama*
- ag tabhairt faoin *Athbhreithniú Cáilíochta Náisiúnta de Seirbhísí Ghalar Cíche Siomptómaí in Éirinn* agus ocht dtuarascáil d'ospidéil áitiúla de na hionaid ainmnithe
- ag déanamh ceithre chigireacht suntasacha ar sheirbhísí altramú, agus ag foilsiú tuarascálacha orthu lena n-áirítear:
  - FSS Ceantar Iar-Thuaisceart Bhaile Átha Cliath
  - Ceantar Lár-Thuaidh Bhaile Átha Cliath
  - FSS Ceantar Thuaisceart Bhaile Átha Cliath
  - FSS Ceantair Theasa – Tuaisceart Lee, Deisceart Lee, Tuaisceart Corcaí agus Iarthar Corcaigh
- ag déanamh *measúnú ar an úsáid a bhaintear as acmhainní sa chlár scagtha náisiúnta um ailse daonra-bunaithe agus seirbhísí gaolmhara*
- *ag críochnú an Treoir d'Fheidhmeannach na Seirbhíse Sláinte le haghaidh Athbhreithniú ar Tharluithe Dáiríre, Básanna Páistí faoi Chúram san áireamh*

- Ag tabhairt faoi *Mheasúnú Teicneolaíochta Sláinte ar phrionscagadh de thiúcháin eiritricítí chun an baol tarchur ghalar athraithigh Chreutzfeldt-Jakob a laghdú in Éirinn*
- bheith inár n-óstaí do *HTAi 2010: Ag Uasmhéadú an luach de Mheasúnú Teicneolaíochta Sláinte* – an chomhdháil is mór ar HTAi ar domhain
- ag cur amach *Eispéiris Páistí agus Daoine Óga de Chigireacht an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte* i gcomhpháirtíocht le Cumann na nDaoine Óga faoi Chúram in Éirinn
- ag seachadadh roinnt tuarascálacha Eolas Sláinte lena n-áirítear:
  - *Athbhreithniú Idirnáisiúnta de Struchtúir Rialachais Eolais*
  - *Athbhreithniú Idirnáisiúnta de Chleachtas Mheasúnú Turrainge Príobháideachta (MTP)*
  - *Treoir ar Mheasúnú Turrainge Príobháideachta i gCúram Sláinte agus Sóisialta*
  - *Catalóg d'Fhoinsí Náisiúnta Eolais Shláinte in Éirinn*
  - *Ag caighdeánú Eolas Atreoraithe Othar: Dréacht-Teimpléad Náisiúnta le haghaidh Comhairlithe*
  - *Anailís "Mar-atá" de Rialachas Eolais in Ionaid Chúram Sláinte agus Sóisialta in Éirinn*
- ag forbairt an *Treoir maidir le Táscairí Eochairghníomhaíochtaí a Fhorbairt (TEGí) agus Seiteanna Íos-sonraí chun Monatóireacht a dhéanamh ar Cháilíocht Chúraim Shláinte*
- ag cur obair an Údaráis faoi bhráid Chomhchoiste an Oireachtais um Shláinte agus Leanaí
- ag leanúint ar aghaidh le cur i bhfeidhm an infrastruchtúr earcaíochta agus oibríocha de chuid an Údaráis, lena n-áirítear an foilseachán de thrí tuarascáil chorparáideacha: *Plean Gnó 2010, Plean Corparáideach 2010-2012 agus an Tuarascáil Bhliantúil 2009*.

# 4 Gníomhaíochtaí an Lucht Stiúrthóireachta



## 4.1 Cáilíocht agus Slándáil Chúram Sláinte

### Cúlra

Faoin Acht Sláinte 2007, tá an tÚdarás freagrach as caighdeáin a fhorbairt, monatóireacht a dhéanamh ar chaighdeáin cháilíochta agus sábháilteachta sa seirbhísí sláinte agus iniúchadh a dhéanamh ar ábhair imní faoi shláinte agus leas úsáideoirí seirbhísí mar is gá. Tá an Chigireacht um Cháilíocht agus Sábháilteacht Cúraim Shláinte de chuid an Údaráis freagrach as na feidhmeanna seo a dhéanamh ar son an phobail.




Stiúrthóir, Cáilíocht agus Sábháilteacht Cúraim Shláinte Jon Billings ag cur fís i láthair ar YouTube ag déanamh cur síos ar na *Dréachtchaighdéain Náisiúnta le haghaidh Chúram Sláinte Níos Sábháilteachta agus Níos Fearr* [2]

### 4.1.1 Achoimre gníomhartha le linn na bliana 2010

Le linn na bliana 2010, chuimsigh an obair maidir le cáilíocht agus sábháilteacht cúraim shláinte na gníomharthaí seo a leanas:

- cuireadh próiseas comhairlithe náisiúnta ar na *Dréachtchaighdeáin Náisiúnta le haghaidh Chúram Sláinte Níos Sábháilteachta agus Níos Fearr* i gcrích
- foilsíodh tuarascálacha ar an gclár athbhreithnithe de na hocht n-ionad ailse ainmnithe le haghaidh ghalar cíche siomptómaí leis na *Caighdeáin Dearbhuithe Cáilíochta Náisiúnta le haghaidh Ghalar Cíche Siomptómaí*

[2] *Is féidir teacht ar an bhfíseán YouTube seo ar: http://www.hiqa.ie/safer_better_healthcare.asp*

- foilsíodh tuarascáil leantach ar thrí chinn de na cláir athbhreithnithe de na hionaid ailse ainmnithe le haghaidh ghalar cíche siomptómaí leis na *Caighdeáin Dearbhuithe Cáilíochta Náisiúnta le haghaidh Ghalar Cíche Siomptómaí*
- rinneadh monatóireacht ar ghéilliúlacht le Caighdeáin Náisiúnta um Cháilíocht Seirbhísí Sláinteachais
- cuireadh tús le fiosrúchán ar cháilíocht agus sábháilteacht seirbhísí agus ag tacú le socruithe curtha ar fáil ag Feidhmeannach na Seirbhíse Sláinte (FSS) at Ospidéal Ginearálta, Mala
- cuireadh tuarascáil *Eochartháscairí Cúraim Éigeandála Réamh-Ospidéal le haghaidh Amanna Freagartha Éigeandála* faoi bhráid an Aire Sláinte agus Leanaí
- tugadh freagra ar réimse eolais a cuireadh faoinár mbráid maidir leis an gcáilíocht agus an sábháilteacht de sheirbhísí cúraim shláinte
- tugadh faoi réimse gníomhaíocht chun feabhsúcháin i gcáilíocht agus i sábháilteacht a chur chun cinn.

### 4.1.2 Forbairt Táscaire Caighdeáin agus Feidhmiúcháin

#### Caighdeáin Náisiúnta um Chosc agus Ceansú Ghalrú Bainteach le Cúram Sláinte

Cruthaíonn Caighdeáin Náisiúnta um Chosc agus Ceansú Ghalrú bainteach le Cúram Sláinte (GCS) dúshlán leanúnach do sheirbhísí cúraim shláinte agus shóisialta na hÉireann mar a chruthaíonn siad i dtíortha eile. Tá sé ina thosaíocht d'Fheidhmeannach na Seirbhíse Sláinte agus don Údaráis cosc a chur orthu.

Seasann *Na Caighdeáin Náisiúnta do Chosc agus Cheansú Ghalrú bainteach le Cúram Sláinte,* sainorduithe ag an Aire Sláinte agus Leanaí sa bhliain 2009, mar chuid criticiúil le tacaíocht a thabhairt don ghá leanúnach cosc agus ceansú a dhéanamh ar Galrú bainteach le Cúram Sláinte in Éirinn.

Le linn na bliana 2010 d'oibrigh an tÚdarás, go rialta, le FSS ar bhonn náisiúnta maidir le dul chun cinn FSS ar chur i bhfeidhm na Caighdeáin Náisiúnta agus d'fhorbair sé cur chuig monatóireachta do na caighdeáin seo.

## Caighdeáin Náisiúnta le haghaidh Cháilíocht agus Sábháilteacht i gCúram Sláinte

Ar aon dul lena shainchúram reachtúil caighdeáin a fhorbairt, reáchtáladh an tÚdarás comhairliú chun forbairt a dhéanamh ar na Dréachtchaighdeáin Náisiúnta le haghaidh Chúram Sláinte Níos Sábháilte agus Níos Fearr. Lean sé seo clár forbartha forleithne a chuimsigh Grúpa Comhairliú Saineolaithe leathan-bhunaithe a thabhairt le chéile. Tá sé mar aidhm ag na Caighdeáin seo cáilíocht agus sábháilteacht sheirbhísí cúraim shláinte a fheabhsú trí cur síos a dhéanamh ar an méid gur cheart a bheith i gcáilíocht agus i sábháilteacht thar na seirbhísí uile agus chun bunús a chur ar fáil do sholáthairtí d'fhonn iad féin, úsáideoirí seirbhíse agus eagraíochtaí fóirdheonaithe a chinntiú de cháilíocht agus sábháilteacht na seirbhísí.




Léaráid 2: Téamaí le haghaidh Cháilíocht agus Sábháilteacht sna *Dréachtchaighdeáin Náisiúnta le haghaidh Chúram Sláinte Níos Fearr agus Níos Sábháilte*

D'fhonn rochtain a chinntiú agus chun deis a thabhairt do gach duine athbhreithniú a dhéanamh ar na Dréachtchaighdeáin tá leagan éasca-le-léamh de na Caighdeáin cruthaithe ag an Údaráis, chomh maith leis an doiciméad iomlán, anuas ar leagan éisteachta a bhí ar fáil mar chomhad le híoslódáil ó iTunes, físeán a bhí craolta ar YouTube agus foirm aiseolais ar líne a bhí ar fáil le híoslódáil ó shuíomh gréasáin an Údaráis, www.hiqa.ie. Foilsíodh an comhairliú seo trí chuntais Facebook agus Twitter an Údaráis.

Reáchtáil an tÚdarás vótáil poiblí freisin mar chuid dá chomhairliú níos leithne ar na Caighdeáin, a chuidigh le heolas a chur fáil maidir le forbairt na gCaighdeán. Nochtaigh sliocht de chuid de na torthaí vótála na rudaí seo a leanas:

- Dúirt 99% de dhaoine go raibh siad ag iarraidh a bheith curtha ar an eolas dá dtarlódh rud éigin mícheart le linn cóireála agus gur cheart do sholáthairtí céimeanna a ghlacadh chun sriain a chur ar bhotúin agus a chinntiú go dtarlaíonn foghlaim thar an gcóras ar fad d'fhonn cháilíocht cúraim shláinte a fheabhsú.
- Dúirt formhór na ndaoine (95%) go raibh sé tábhachtach go mbeadh foireann sinsearach freagrach as cáilíocht agus sábháilteacht seirbhísí, agus dúirt an tromlach (86%) nár mhothaigh siad gur amhlaidh a bhí rudaí faoi láthair.
- Bhí teachtaireacht láidir ann ón bpobal freisin maidir le bainistiú gearrán taobh istigh den chóras. Dúirt 86% go bhfuil cultúr d'oscailteacht ríthábhachtach, chomh maith le foireann atá béasach agus sochaideartha agus soiléireacht ar an bpróiseas gearrán. Tháinig freagracht phearsanta le haghaidh folláine agus an tábhachtach a bhaineann le cur chun cinn sláinte trasna go láidir: Dúirt 87% go raibh an fhreagracht ar an duine aonair roghanna stíle maireachtála sláintiúla a dhéanamh agus dúirt 95% go raibh siad ag iarraidh eolas óna soláthairtí maidir leis seo.
- Teastaíonn ó 97% go mbeadh cúram curtha ar fáil ag am agus in áit atá chomh áisiúil agus is féidir. Nuair a cuireadh ceist orthu maidir le taisteal le haghaidh seirbhísí saineolaithe ar ardchaighdeán, thuig agus ghlac an cuid is mó de dhaoine (72%) leis an ngá atá le taisteal le haghaidh coiréil saineolaithe.
- Nochtaigh an vótáil freisin go dteastaíonn ó 90% de dhaoine a fheiceáil go dtógann soláthairtí cúraim shláinte saincheisteanna éicea-chairdiúil san áireamh.
- Nuair a cuireadh ceist ar conas a chaitear airgead ar chúram sláinte, chreid 25% go raibh sé caite go críonna in Éirinn.

Ag leanúint ón gcomhairliú, tá athbhreithniú déanta ag an Údaráis ar gach ceann de na 216 iarratas agus tá próiseas smaointeoireachta ag dul ar aghaidh chun clár na gCaighdeán a insint. Nuair a dhéanann Bord an Údaráis na caighdeáin a cheadú, cuirfear faoi bhráid an Aire Sláinte agus Leanaí agus, ag braith ar cheadú an Aire, cuirfear i bhfeidhm iad ar bhonn náisiúnta. Tá sé i gceist ag an Údarás monatóireac
ar ghéilliúlacht leis na Caighdeáin c
leanúint i gcleachtas sa bhliain 20




Forbraíodh DVD do Dhréachtchaighdeáin Náisiúnta le haghaidh Chúram Sláinte Níos Sábháilte agus Níos Fearr

## Táscairí le haghaidh chúram réamh-éigeandála

D'fhorbair an tÚdarás tuarascáil ar *Eochartháscairí Cúraim Éigeandála Réamh-Ospidéal le haghaidh Amanna Freagartha Éigeandála*. Foilseofar an tuarascáil seo luath sa bhliain 2011. Déanann an cur chuige seo imlínte spriocanna freagartha am-bhunaithe d'othair le riochtaí éigeandála cosúil le taomanna croí. Ina theannta sin, éilíonn sé ar sholáthraithe seirbhíse tús a chur le tuairisciú poiblí dá ngníomhaíocht am-fhreagartha.

I measc na n-eochairtháscairí ghníomhaíochta (ETG) molta ag an Údarás tá foireann atá traenáilte go cuí ag freastal ar othar le tarluithe stad

chairdiaigh nó análaigh a chuireann an other i mbaol bháis laistigh de hocht nóiméad i 75% de chásanna.

Mhol an tÚdarás don Aire Sláinte agus Leanaí go gcuirfear na heochairtháscairí gníomhartha seo i bhfeidhm ar bhonn náisiúnta de réir a chéile. Cuireadh cuid de na táscairí seo san áireamh i bPlean Seirbhísí de chuid Fheidhmeannach na Seirbhíse Sláinte 2011, comhaontaithe leis an Aire Sláinte agus Leanaí.

#### 4.1.3 Ag déanamh monatóireachta ar chomhlíonadh na gcaighdeán

Sa bhliain 2010, lean an tÚdarás ar aghaidh ag déanamh monatóireachta ar ghéilliúlacht leis na Caighdeáin Náisiúnta um Cháilíocht Seirbhísí Sláinteachais. Níor fhógraíodh na measúnuithe monatóireachta seo agus dhírigh siad, go sainiúil, ar an seachadadh, ó lá-go-lá de sheirbhísí sláinteachais, glantachas ach go háirithe, sláinteachas láimhe agus cleachtais bainistithe dramhaíola agus línéadaigh (Caighdeán Seachadadh Seirbhíse 4). Is féidir teacht ar an seit iomlán de na caighdeáin seo agus ar thuarascálacha na gcuairteanna seo ar shuíomh gréasáin an Údaráis ag www.hiqa.ie.

### Caighdeáin Dearbhuithe Cáilíochta Náisiúnta le haghaidh Seirbhísí Ghalar Cíche Siomptómaí

Sheol an tÚdarás na *Caighdeáin Dearbhuithe Cáilíochta Náisiúnta le haghaidh Seirbhísí Ghalar Cíche Siomptómaí* i mBealtaine na bliana 2007 agus chuir sé comhairle ar gach ospidéal a sholáthraíonn seirbhísí ghalar cíche siomptómaí gur cheart dóibh a bheith ag baint na gcaighdeán seo amach faoi dheireadh na bliana 2009.

Idir 2007 agus 2009, thug an tÚdarás faoi chlár athbhreithnithe cáilíochta a bhí déanta suas ag cúig phas thar tréimhse dhá bhliain, de réir mar a láraigh seirbhís chuig na hocht ionad ainmnithe agus dé réir mar a chuaigh na hionaid i dtreo bhunú lán. Le linn na bliana 2009, reáchtáil an tÚdarás athbhreithniú cáilíochta ar gach ceann de na hionaid ainmnithe (agus suíomh satailíte amháin eile).

Go luath sa bhliain 2010 d'fhoilsigh an tÚdarás torthaí na n-athbhreithnithe sin in ocht dtuarascáil ar leith do gach ionad ainmnithe agus tuarascáil náisiúnta fhorbhreathnaithe, *Athbhreithniú Cáilíochta Náisiúnta de Sheirbhísí Ghalar Cíche Siomptómaí in Éirinn*.

Rinne an tuarascáil náisiúnta 18 moladh agus bhí an Clár Náisiúnta um Cheansú Ailse de chuid FSS ceaptha maoirsiú a dhéanamh ar fhorbairt agus ar chur i bhfeidhm an plean gníomhaíochta. Rinneadh an tÚdarás mionmholtaí sna tuarascála áitiúla ar na hocht n-ionad ainmnithe agus chuir sé iallach ar gach ionad pleananna cur i bhfeidhm áitiúla rúpacha a fhorbairt agus a fhoilsiú lena n-aghaidh. Leanann an tÚdarás ar aghaidh ag buaileadh leis an gClár Náisiúnta um Cheansú Ailse agus ionaid aonair chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn cur i bhfeidhm na moltaí.

I samhradh na bliana 2010, reáchtáil an tÚdarás athbhreithnithe ar an suíomh agus d'fhoilsigh sé tuarascálacha breise ar thrí de na hionad ina raibh sé tuairiscithe go raibh córais rialachais agus eolais ag pointe luath forbartha an bhliain roimhe. Is iad seo a leanas na hionaid a bhí i gceist:

- Ospidéal Réigiúnach an Mheáin-Iarthar, Luimneach
- Ospidéal Réigiúnach, Port Láirge.

Rinne an tÚdarás athbhreithniú iomlán ar sheirbhísí ghalar cíche siomptómaí in Ospidéal Ollscoil Chorcaí tar éis comhtháthú na seirbhísí le Ollscoil Otharlann Victoria an Deiscirt. Bhí torthaí an athbhreithnithe seo foilsithe i nDeireadh Fómhair na bliana 2010.

### 4.1.4 Ag freagairt d'eolas a ardaíonn buarthaí maidir le sláinte agus leas úsáideoirí seirbhíse

D'fhógair an tÚdarás *Fiosrúchán ar cháilíocht agus sábháilteacht seirbhísí agus socruithe tacaíochta curtha ar fáil ag Feidhmeannach na Seirbhíse Sláinte (FSS) ag Ospidéal Ginearálta, Mala* le linn na bliana 2010.

Tháinig ann don fhiosrúchán tar éis buarthaí ar leith maidir le gnéithe den chóras cúraim a cuireadh ar fáil ag Ospidéal Ginearálta, Mala. Ba é cinneadh Bhord an Údaráis nach raibh sé cinnte gur chuir FSS socruithe riachtanacha i bhfeidhm ag Ospidéal Ginearálta, Malla chun seirbhís sábháilte ar ard-cháilíocht a sholáthar d'othair a bhí go dona tinn. Chreid an Bord gur dheasaigh easnamh na socruithe seo riosca dáiríre do shláinte agus leas na ndaoine a bhí ag fáil na seirbhísí sin agus mar sin bheartaigh sé fiosrúchán a chur ar bun faoi Alt 9 (1) d'Acht na Sláinte 2007.

Tá sé i gceist ag an Údarás a thorthaí a fhoilsiú sa bhliain 2011.


## Daoine le buarthaí maidir le sábháilteacht agus cáilíocht

Sa bhliain 2010, fuair an Stiúrthóireacht um Cháilíocht agus Sábháilteacht Cúraim Shláinte 151 píosa eolas a d'ardaigh buarthaí maidir leis an gcáilíocht agus an sábháilteacht sheirbhísí cúraim shláinte curtha ar fáil ag, nó i dteideal FSS. Baineann an tÚdarás úsáid as an eolas seo chun cáilíocht agus sábháilteacht a stiúradh agus a thacú.

Cé nach bhfuil an sainchúram ag an Údarás fiosrú a dhéanamh ar ghearráin aonair, áfach, ar an ábhar gur eagraíocht reachtúla neamhspleách é, féachann an tÚdarás ar gach eolas a fhaigheann sé a ardaíonn buarthaí maidir le riosca do shláinte nó leas duine atá ag fáil seirbhísí cúraim shláinte curtha ar fáil ag nó i dteideal FSS.


Cuidíonn an t-eolas a fhaigheann an tÚdarás le forbairt caighdeán, monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus idirghabhálacha reachtúla eile nach iad. Ón mbliain 2008 i leith tá ardú, bliain i ndiaidh bliana, ar líon na bpíosaí eolais a fhaigheann an tÚdarás (Féach Léaráid 3).

### Léaráid 3: Léargas ar phíosaí eolais faighte 2008-2010




Ardaíonn an t-eolas faighte ag an Údarás buarthaí i ngnéithe tábhachtacha ar leith maidir le cáilíocht agus sábháilteacht (Féach Léaráid 4 thall).

Léaráid 4: Eolas faighte ag an Stiúrthóireacht um Cháilíocht agus Sábháilteacht Cúraim Shláinte de réir aicmithe sa bhliain 2010




## 4.1.5 Ag cur feabhsúcháin i gcáilíocht agus i sábháilteacht chun cinn

### An Líonra Eorpach le haghaidh Sábháilteacht Othar (EUNetPaS)

Sa bhliain 2010, chuir an tÚdarás a ról mar eagraíocht chomhordanáidiú Éireannach agus pointe teagmhála náisiúnta le haghaidh EUNetPaS, tionscnamh pan-Eorpach chun sábháilteacht othar agus teacht ar chleachtas is fearr thar an 27 tír de chuid an Aontais Eorpaigh (AE) a chur chun cinn.

Mar an eagraíocht chomhordanáidiú, bhí an tÚdarás bainteach le go leor de chláir oibre an tionscnaimh lena n-áirítear sábháilteacht agus oideachas cógais agus oiliúint. Chuir an tÚdarás fáilte roimh léirithe spéise ó ospidéil Éireannacha agus eagraíochtaí cúraim shláinte eile a bhí ag iarraidh dea-chleachtais a roinnt agus a phíolótú chun botúin cógais a laghdú. Shínigh 14 ospidéal poiblí suas chun roinnt tionscnaimh a phíolótú.

Le linn na bliana 2010, ainmníodh an tÚdarás mar eagraíocht chomhordaitheach d'Éire i gcainteanna nua le Coimisiúin na hEorpa maidir le Comhghníomh an AE ar shábháilteacht othar agus ar cháilíocht an chúraim shláinte agus leanfaidh an tÚdarás leis na cainteanna seo sa bhliain 2011.

### Comhdháil an Chumainn Idirnáisiúnta um Cháilíocht i gCúram Sláinte (ISQua), 2010

Glacadh le cúpla coimriú (achoimrí d'ailt taighde) de chuid an Údaráis don chomhdháil ISQua, ina measc páipéar ar an gcur chuige measúnachta a úsáideadh don *Athbhreithniú Cáilíochta Náisiúnta de Sheirbhísí Ghalar Cíche Siomptómaí in Éirinn*.


Chuir an tÚdarás dhá phóstaer taighde i láthair ag an gcomhdháil:

- Cén fáth a dtosaíonn othair caingean dlí: Staidéar Taiscéalaíoch Éireannach
- Fostú páirtithe leasmhara i bhforbairt Caighdeáin Náisiúnta do Chosc agus Cheansú Ghalrú bainteach le Cúram Sláinte.

## 4.2 Tuarascáil ó Oifig an Phríomh-Chigire Seirbhísí Sóisialta / ón gCigireacht Seirbhísí Sóisialta

### Cúlra

Is éard atá i gCigireacht Seirbhísí Sóisialta (SSI) an Údaráis ná rialtóir neamhspleách na lárionad sainithe do dhaoine scothaosta (seirbhísí cónaithe) in Éirinn, le breis agus 25,000 cónaitheoir[3]. Cuireadh tús le clárú agus cigireacht ar ionaid ainmnithe ar leith, faoi mar a iarrtar faoin Acht Sláinte 2007, ar an 1 Iúil 2009. Roimhe seo, ní dhearna Feidhmeannach na Seirbhíse Sláinte (FSS) cigireacht ach ar thithe altranais feidhmithe ag soláthraithe príobháideacha agus deonacha.




Tuarascáil ar Eispéireas Páistí agus Daoine Óga de Chigireacht an Údaráis um Fhaisnéis agus Cháilíocht Sláinte

Déanann an tÚdarás cigireacht ar lárionaid chónaithe reachtúla do pháistí, ar aonaid chúraim speisialta, ar scoileanna coinneála agus ar sheirbhísí cúram altrama ach ní chláraíonn sé iad. Déantar an chigireacht i leith chaighdeáin agus rialacháin ábhartha forbartha ag an Roinn Sláinte agus Leanaí.

Críochnaítear rialúchán seirbhísí trí réimse gníomhaíochtaí. Cuimsíonn siad seo bailiú eolais, anailís a dhéanamh air agus cigireacht a dhéanamh ar sheirbhísí ar an láthair. Nuair a ghabhtar ar chlárú sheirbhísí, déantar cigireacht d'fhonn fianaise a bhailiú lenár féidir breithiúnais a dhéanamh ar fheiliúnacht an tsoláthraí cláraithe agus tuarascáil a dhéanamh ar cháilíocht na seirbhíse soláthraithe.

### 4.2.1 Achoimre ar ghníomhaíochtaí le linn na bliana 2010


Le linn na bliana 2010, bhí na gníomhaíochtaí seo a leanas mar chuid d'obair SSI:

- ag clárú agus ag déanamh cigireachta ar ionaid chónaitheacha, lena n-áirítear tithe altranais, agus ag foilsiú na tuarascálacha cigireachta
- ag foilsiú ceithre thuarascáil maidir le seirbhísí altramaithe, sna háiteanna seo a leanas:
  - FSS Ceantar Iar-Thuaisceart Bhaile Átha Cliath
  - Ceantar Lár-Thuaidh Bhaile Átha Cliath
  - FSS Ceantar Thuaisceart Bhaile Átha Cliath
  - FSS Ceantair Dheisceartacha – Tuaisceart Lee, Deisceart Lee, Tuaisceart Corcaí agus Iarthar Corcaí
- ag foilsiú *Treoir d'Fheidhmeannach na Seirbhíse Sláinte le haghaidh Athbhreithniú ar Tharluithe Dáiríre, Básanna Páistí faoi Chúram san áireamh*
- ag foilsiú *Dréachtchaighdeáin Náisiúnta um Cháilíocht do Sheirbhísí Cónaitheacha agus Altramais do Pháistí agus do Dhaoine Óga*
- ag léiriú *Eispéiris Páistí agus Daoine Óga de Chigireacht an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte* i gcomhpháirtíocht le Cumann na nDaoine Óga faoi Chúram in Éirinn.

### 4.2.2 Forbairt Caighdeán

#### Dréachtchaighdeáin Náisiúnta um Cháilíocht do Sheirbhísí Cúraim do Leanaí agus do Dhaoine Óga

Tugadh faoi chomhairliú náisiúnta poiblí do na *Dréachtchaighdeáin Náisiúnta um Cháilíocht do Sheirbhísí Cúraim Altramais Chónaithigh do Leanaí agus do Dhaoine Óga* agus bhí na Caighdeáin faofa ag Bord an Údaráis sa bhliain 2010. Cuimsíonn na seirbhísí clúdaithe sna caighdeáin seirbhísí cúraim chónaithigh do pháistí agus do dhaoine óga (seirbhísí do pháistí agus do dhaoine faoi mhíchumas san áireamh), seirbhís cúraim altramais agus scoileanna coinneála do pháistí. Cuimsíonn samplaí de chuid de na critéir agus na críocha sna caighdeáin cáilíocht saoil do pháistí agus do dhaoine óga, cearta páistí agus daoine óga, ag coinneáil páistí agus daoine óga slán agus caomhnaithe.


Health Information and Quality Authority
An tÚdarás Um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte

Draft National Quality Standards for Residential and Foster Care Services for Children and Young People

A Consultation Document
20 January 2010

Safer Better Care

*Dréachtchaighdeáin Náisiúnta um Cháilíocht do Sheirbhísí Cúraim Chónaithigh agus Altramais do Pháistí agus do Dhaoine Óga*

### 4.2.3 Clárú agus Gníomhaíocht Cigireachta agus Tuairisciú

#### Ag Cosaint Páistí

Sa bhliain 2010 lean an chigireacht ar sheirbhísí do pháistí ar aghaidh faoi na forálacha déanta san Acht um Chúram Leanaí, 1991. Dhírigh na seirbhísí do pháistí ar an gcigireacht a dhéantar ar sheirbhísí cónaitheacha agus ag leanúint leis an gcigireacht ar sheirbhís cúraim altramais agus scoileanna coinneála. Is é an phríomhaidhm feabhas a bhaint amach i gcáilíocht an chúraim do pháistí faoi chúram agus a dtuairimí a ionchorprú sna cinntí a bhíonn tionchar acu ar a saolta laethúla.

Thosaigh an chigireacht d’fhoráil FSS de sheirbhísí cúraim altramais i seacht gceantar sláinte áitiúil déanach sa bhliain 2009 agus cuireadh deireadh leis sa bhliain 2010. Bhí dhá chuid ag baint leis an gcigireacht: rinne an chéad chuid cigireacht ar an gcaoi a rinneadh FSS bainistíocht agus monatóireacht ar sheirbhísí cúraim altramais sa cheantar. Is éard a bhí i gceist le cuid a dó ná athbhreithniú mionsonraithe ar an gcúram a bhfuair grúpa samplach de pháistí i gcúram altramais (agus a gcúramóirí) sa cheantar sláinte áitiúil.

Foilsíodh na tuarascálacha agus déanamh mionsonrú ar na torthaí agus na moltaí do Thuaisceart Bhaile Átha Cliath, do Lár-Thuaisceart Bhaile Átha Cliath, agus ceantar Iar-Thuaisceart Bhaile Átha Cliath agus do cheantair sláinte áitiúil Dheisceartaigh FSS (Tuaisceart Lee, Deisceart Lee, Tuaisceart Corcaí agus Iarthar Corcaí). Cuireadh tús leis an gcigireacht athleanúna don cheantar Iar-Thuaisceart Bhaile Átha Cliath agus cuirfear críoch leis sa bhliain 2011.

Liostálann Tábla 3 thall líon iomlán na gcigireachta a cuireadh i gcrích do Sheirbhísí Leanaí sa bhliain 2010.

Sa bhliain 2010, rinne an tÚdarás cigireacht ar sheirbhísí cúraim speisialta do leanaí soláthraithe ag FSS ag Teach Coovagh i Luimneach, Gleann Álainn i gCorcaigh agus i mBaile Uí Dhúda, Baile Átha Cliath. D’aithin an tÚdarás téamaí comónta ó na cigireachtaí seo agus i mí na Nollag, 2010 léirigh sé *Tuarascáil Fhorbhreathnaithe de Sheirbhís Cúraim Speisialta Soláthraithe ag Feidhmeannach na Seirbhíse Sláinte*. Leag an Tuarascáil seo amach moltaí náisiúnta do FSS maidir le foráil na seirbhísí seo. Tabharfaidh an tÚdarás faoi mheasúnú athleanúna ar na gníomhaíochtaí ar thug an FSS faoi maidir leis na moltaí seo.

Tábla 3: Líon iomlán na gcigireachtaí a cuireadh i gcrích ó 1 Eanáir 2010 go 31 Nollaig 2010 do Sheirbhísí Leanaí.

| Cineál | Poiblí Craolta | Poiblí Neamhchraolta | IOMLÁN |
|---|---|---|---|
| **Cigireachtaí Iomlána** | | | |
| Scoileanna Coinneála do Leanaí | | 3 | **3** |
| Aonaid Cúraim Speisialta | 3 | 2 | **5** |
| Lárionaid Chónaitheacha Phobail do Leanaí | 9 | 11 | **20** |
| Cúram Altramais | 4 | | **4** |
| **Cigireachtaí Athleanúna** | | | |
| Aonaid Cúraim Speisialta | 3 | 2 | **5** |
| Altramú | 2 | 1 | **3** |
| Lárionaid Chónaitheacha Phobail do Leanaí | 11 | 25 | **36** |
| **IOMLÁN** | **32** | **44** | **76** |

Anuas air sin, d'fhoilsigh an tÚdarás *An Treoir don FSS ar Athbhreithniú ar Tharluithe Dáiríre lena n-áirítear Bás Linbh faoi Chúram* sa bhliain 2010.

### 4.2.4 Gníomhaíochtaí feidhmithe

Bhí na gníomhaíochtaí feidhmithe seo a leanas ag an Údarás sa bhliain 2010 (Féach Tábla 4):

Tábla 4: Líon iomlán na ngníomhaíochtaí feidhmithe sa bhliain 2010

| Gníomhaíochtaí Feidhmithe | Líon |
|---|---|
| **Diúltú Iarratais chuig an gClár (Rannóg 50)** | 2 |
| **Cealú Clárúcháin Reatha (Rannóg 51)** | 2 |
| **Iarratas ar Ordú eatramhach ex parte (Rannóg 59 agus Rannóg 60): Ordú arna Rinneadh:** | 2 (1 faoi achomharc) |
| **Iarratas ar Ordú eatramhach ex parte (Rannóg 59 agus Rannóg 60): Ordú Nár Rinneadh:** | 0 |
| **Achomharc ag an Soláthraithe chuig an gCúirt Chuarda (Rannóg 62): Achomharc Éiritheach:** | 0 |
| **Achomharc ag an Soláthraithe chuig an gCúirt Chuarda (Rannóg 62): Achomharc Neamhéiritheach:** | 0 |
| **Achomharc ag an Soláthraithe chuig an gCúirt Chuarda (Rannóg 62): Achomharc Leanúnach ag 31 Nollaig 2010:** | 1 |

### Ag Cosaint Daoine Aosta

Ó chuireadh tús leis an bhfeidhmeannas i mí Iúil, 2009, tá an tÚdarás ag oibriú clár trí-bliana de chlárú ionad ainmnithe, i gcomhréir leis an Acht Sláinte 2007. Tá sceideal an chláraithe bunaithe ar réimse leathan fachtóir, lena n-áirítear dáta éagtha teastais chláraithe reatha, measúnú riosca leanúna agus anailís eolais agus fógraí maidir leis an ionad ainmnithe. Eisíodh teastas cláraithe ar 60 lárionad ar an iomlán ó Phríomhchigire na Seirbhísí Sóisialta faoi dheireadh na bliana 2010. Luathóidh an clár cláraithe le linn na bliana 2011 agus 2012 i gcomhréir leis an gceangaltas reachtúla gach lárionad a chlárú faoi 30 Meitheamh 2012.

Chun rochtain a fháil ar cháilíocht agus ar shábháilteacht na seirbhísí soláthraithe sna lárionaid seo, agus chun cabhrú le measúnú riosca leanúnaigh, fuair gach lárionad ainmnithe cigireacht amháin ar a laghad faoi dheireadh mhí Mheán Fómhair 2010.

Don tréimhse 1 Eanáir go 31 Nollaig 2010, thug an tÚdarás faoi 813 cuairt cigireachta (mar a léirítear i dTábla 5, aicmithe faoi chineál cigireachta). Liostálann Tábla 6 líon na gcuairteanna cigireachta ar lárionaid ainmnithe, aicmithe faoi líon na gcuairteanna do gach lárionad le linn an tréimhse céanna.

Leag tuarascála cigireachta an Údaráis, i gcomhréir le cuspóir na *Dréachtcaighdeán Náisiúnta um Cháilíocht do Shuímh Cúraim Chónaithigh do Dhaoine Aosta in Éirinn*, béim láidir ar chríochanna do chónaitheoirí. Chuidigh ár gcigireachtaí le feasacht a ardú i leith cleachtais reatha i suímh cúraim chónaithigh d'úsáideoirí seirbhíse agus rinne siad tráchtaireacht ar an gcaighdeán seirbhíse ar chóir d'úsáideoirí seirbhíse a bheith ag siúl le i gcúram cónaitheach.

Le linn cigireachta, labhraíonn cigirí le cónaitheoirí, le gaolta agus le foireann an lárionaid, breathnaíonn siad ar a chleachtas, déanann siad cigireacht ar an áit agus ar an trealamh, déanann siad athbhreithniú ar pholasaí agus ar ghnáthaimh agus ar thaifid ábhartha eile mar a theastaíonn. Nuair atá an chigireacht neamhchraolta mar gheall ar chúinsí cláraithe, iarrtar ar an soláthraithe ceistneoirí a scaipeadh ón Údarás ar chónaitheoirí agus ar ghaolta roimh an gcigireacht freisin. Is féidir le cigireacht a bheith craolta nó neamhchraolta agus is féidir leo tarlú ag am ar bith agus ar lá ar bith sa tseachtain.

Rinne an tÚdarás suirbhé ar dhearbhú cáilíochta: ar an iomlán comhlánaíodh 279 ceistneoir cáilíochta agus sheol bainistíocht na lárionad ar ais iad tar éis na cigireachta. Thug an chuid is mó de na rannpháirtithe aiseolas dearfach maidir leis an bpróiseas cigireachta agus iompar na gcigirí le linn cigireachta, ag tabhairt le fios gur thorraigh an próiseas cigireachta feabhsúcháin seirbhíse sa lárionad; agus rinneadh cur síos ar chigirí mar phroifisiúnta, mar mheasúil i dtaobh príobháideachta agus dínit na gcónaitheoirí chomh maith le béasach agus ar fáil le labhairt le foireann, cónaitheoirí agus baill teaghlaigh.

Tábla 5: Líon iomlán na gcigireachtaí a cuireadh i gcrích ó 1 Eanáir 2010 go 31 Nollaig 2010 do lárionaid ainmnithe

| Cineál | Poiblí Craolta | Poiblí Neamhchraolta | Neamhphoiblí Craolta | Neamhphoiblí Neamhchraolta | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|
| Cigireacht cláraithe | 45 | | 245 | 1 | **291** |
| Sceidealta | 9 | 22 | 9 | 59 | **99** |
| Monatóireacht | | 44 | 1 | 95 | **140** |
| Truiceartha | 0 | 4 | 3 | 45 | **52** |
| Athleanúint | 1 | 33 | 5 | 192 | **231** |
| **IOMLÁN** | **55** | **103** | **263** | **392** | **813** |

Tábla 6: Líon na gcuairteanna cigireachta chuig lárionaid ó 1 Eanáir 2010 go 31 Nollaig 2010 do lárionaid ainmnithe

| Líon cuairteanna chuig lárionaid | | | |
|---|---|---|---|
| **Cuairteanna** | **Líon** | **Iomláin** | **%** |
| **Cuairt amháin** | 392 | 392 | 69% |
| **2 chuairt** | 130 | 260 | 23% |
| **3 chuairt** | 35 | 105 | 6% |
| **4 chuairt** | 5 | 20 | 1% |
| **5 chuairt** | 3 | 15 | 0.5% |
| **7 gcuairt** | 3 | 21 | 0.5% |
| **IOMLÁN** | | **813** | **100%** |

### 4.2.5 Cumarsáid

#### Léirithe Comhdhála

Thug an tÚdarás léirithe le linn na bliana 2010 ag comhdhálacha lena n-áirítear:

- Institiúid Teicneolaíochta Ceatharlach – Próiseas Cigireachta Leanaí
- Ollscoil Átha Cliath, Coláiste na Tríonóide – Léacht Iarchéime ar chosaint leanaí
- Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath – Creat Reachtúil agus Próisis
- le haghaidh Cláraithe Lárionad Ainmnithe
- Comhdháil Bhliantúil agus Searmanas Bronnta Thithe Altranais na hÉireann.

#### Cumarsáid agus Comhairliú Leanúnach

Tá an tÚdarás tiomanta do shreabhadh eolais dhé-bhealaigh le soláthraithe, le cónaitheoirí agus le gaolta agus le eochairpháirtithe leasmhara eile d'fhonn feabhsúchán i lárionaid ainmnithe a stiúradh.

#### Painéil Soláthraithe

Tugadh cuireadh do sholáthraithe lárionad ainmnithe iad féin a ainmniú páirt a ghlacadh i ngach ceann de na trí Phainéal Soláthraí óstáilte ag an Údarás. Cuireadh tús leis na cruinnithe Phainéal Soláthraí sa bhliain 2010 agus reáchtáiltear iad faoi cheathair sa bhliain. Is deiseanna úsáideacha iad do sholáthraithe agus don Údarás eolas a mhalartú agus aiseolas a thabhairt.

#### Painéil na gCairde agus na nGaolta

Sa bhliain 2010, bunaíodh Painéal Náisiúnta na gCairde agus na nGaolta. Tá an painéal seo déanta suas de chairde nó de ghaolta daoine atá ina gcónaí i gcúram cónaitheach. Buaileann baill an Phainéil leis an Údarás ar bhonn leanúnach d'fhonn iad a chuidiú feabhsúcháin i gcáilíocht na seirbhíse agus i gcáilíocht saol a gcairde agus a ngaolta ag maireachtáil i lárionaid ainmnithe a chur chun cinn.

Phleanáil Painéal Náisiúnta na nGaolta forbairt agus foilsiú na Nuachtlitreach REACH a thagann amach faoi cheathair sa bhliain, atá

dírithe ar mhuintir agus ar chairde daoine atá ag maireachtáil i lárionaid cúraim chónaithigh ar fud na hÉireann a choinneáil ar an eolas. Tá an chéad cheann le bheith foilsithe sa bhliain 2011.

### Grúpa Tagartha Seachtraí

Feidhmíonn an grúpa tagartha seachtraí mar fhóram do dhéantóirí polasaí, do rialtóirí, d'abhcóidí, do sholáthraithe seirbhíse, do dhaoine proifisiúnta agus d'aon pháirtí ábhartha eile chun ceisteanna a phlé maidir le seirbhísí cúraim sóisialta in Éireann agus chun ionchur a chur ar fáil agus aiseolas a thabhairt don Údarás ar a ról i bhfeabhsúcháin do dhaoine i lárionaid ainmnithe a stiúradh. Bhuail an grúpa le chéile faoi cheathair sa bhliain 2010. Anuas air sin, reáchtáiltear cruinnithe rialta leis na scátheagraíochtaí soláthraithe príomha, Tithe Altranais na hÉireann agus FSS san áireamh.

### Nuachtlitir do sholáthraithe lárionad ainmnithe

Léiríonn agus seolann an tÚdarás nuachtlitir dé-mhíosúil chuig soláthraithe lárionad ainmnithe. Cuireann an nuachtlitir seo eolas maidir leis an obair reachtúla na Stiúrthóireachta faoina mbráid, leagann sé béim ar aon athrú ábhartha sna gnáthaimh agus san eolas maidir le dea-chleachtas i gcúram sóisialta.

### Cumann na nDaoine Óga faoi Chúram in Éirinn (IAYPIC)

Foilsíodh an tuarascáil *Eispéiris Páistí agus Daoine Óga de Chigireacht an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte* sa bhliain 2010 i gcomhpháirtíocht le Cumann na nDaoine Óga faoi Chúram in Éirinn. Reáchtáil Cumann na nDaoine Óga faoi Chúram in Éirinn grúpaí fócais chomhairlithe le daoine óga i suímh cúraim chónaithigh éagsúla d'fhonn a ndearcaidh agus a n-eispéiris ar phróiseas cigireachta an Údaráis a fhiosrú.




Don tuarascáil *Eispéireas Leanaí agus Daoine Óga de Chigireacht an Údaráis um Fhaisnéis agus Cháilíocht Sláinte*, is éard a bhí i gceist leis na grúpaí fócais chomhairlithe ná ceisteanna a chur ar dhaoine óga, idir cheisteanna dúnta agus cheisteanna oscailte, a bhí ionchorpraithe le "Mata Labhartha" (le feiceáil anseo) deartha mar chluiche boird.

Seo a leanas na príomhthorthaí:

- Ghlac daoine óga ó 10 lárionad páirt sna grúpaí fócais chomhairlithe. Tuairiscíodh an chuid is mó daoibh (91%) go raibh taithí acu ar chigireacht chraolta agus cuireadh ar an eolas iad, go foirmiúil, trí litir ó na cigirí de chuid an Údaráis agus go neamhfhoirmiúil óna bpiaraí.
- Dúirt dhá thriain de na daoine óga (68%) gur thuig siad fáth na cigireachta, agus dúirt 32% nár thuig siad an fáth go raibh an chigireachta ann. Ba iad coinníollacha maireachtála taobh istigh den lárionad an réasún is mó a thug daoine óga le haghaidh cigireachta, le buarthaí leasa linbh agus cleachtais fhoirne ag teacht ina ndiaidh.
- Thuairiscigh an chuid is mó de na daoine óg (86%) gur labhair siad leis na cigirí ar bhonn aonar, agus thuairiscigh 50% chur chomhlánaigh siad ceistneoir chun críche na cigireachta.

### 4.2.6 Buarthaí

Faoin Acht Sláinte 2007 (Cúram agus Leas Cónaitheoirí i Lárionaid Ainmnithe do Dhaoine Aosta), Rialacháin, 2009 (arna leasú) tá ar an soláthraí cláraithe próiseas agus gnáthamh gearáin a bheith aige/aici d'fhonn déileáil le agus fiosrú a dhéanamh ar ghearáin agus an té a rinne an gearán a chur ar an eolas maidir leis an toradh. Cé nach sainaithníonn an tAcht Sláinte 2007 aon ról ar leith don Údarás i bhfreagra a thabhairt ar ghearáin arna ndéantar ag tríú páirtí i leith soláthraithe seirbhíse, déanann an tÚdarás, mar eagraíocht rialála neamhspleách, measúnú cruinn ar gach eolas a fhaigheann sé agus sainaithníonn sé má tá an fhéidearthacht ann go mbeidh riosca i leith cúram nó leas na gcónaitheoirí i lárionad ainmnithe i gceist.

Nuair a fhaigheann an tÚdarás eolas a d'fhéadfadh a bheith ina chúis imní, déantar an t-eolas a logáil agus déantar é a mheas maidir leis na rudaí seo a leanas:

- an turraing ar na cónaitheoirí
- cáilíocht na seirbhíse atá á sholáthar
- cibé an dtugann na buarthaí le fhios go bhfuil riosca ann do shábháilteacht na gcónaitheoirí
- cibé an bhfuil an Soláthraí Cláraithe ag géilleadh leis na caighdeáin agus na rialacháin.

Bunaithe ar an measúnú seo, déanfaidh an tÚdarás an cinneadh ansin ar cén aicsean, más ann dó, a theastódh d'fhonn na daoine atá ag maireachtáil i lárionad ainmnithe a chosaint.

Le linn an bliana 2010, fuair an tÚdarás 468 buairt maidir le lárionaid ainmnithe.

Is iad seo a leanas na cúig chatagóir is mó de bhuarthaí a fuarthas sa bhliain 2010:

- *Ceisteanna cosanta (28%)*
- *Cumas agus iompar foirne (12%)*
- *Ionchur Fhoireann altranais/cúraim (12%)*

- *Leibhéil foirne (7%)*
- *Conradh/ráiteas de théarmaí agus coinníollacha (7%).*

D'fhéadadh teagmháil díreach nó indíreach a bheith ag daoine a chuireann buarthaí (tionscnóir buartha) in iúl leis an lárionad ainmnithe. Is féidir leis an tionscnóir buartha a bheith ag maireachtáil sa lárionad (cónaitheoir), a bheith ina c(h)uairteoir, ina b(h)all foirne, ina (h)abhcóide nó ina t(h)ríú pháirtí lena raibh teagmháil díreach nó indíreach le cónaitheoir.

Faoi dheireadh na bliana 2010, dúnadh 90% de bhuarthaí maidir le lárionaid ainmnithe leis an 10% eile fós ar oscailte.

Tá an próiseas buarthaí do leanaí treoraithe ag an Acht um Chúram Leanaí 1991, *Leanaí chun Tosaigh: Treoirlínte Náisiúnta do Chosaint agus Leas Leanaí* agus na Caighdeáin. Sa bhliain 2010, thuairiscigh 62 buairt chuig an Údarás maidir le cúram altramais agus lárionaid chónaitheacha do leanaí. Cuireadh na buarthaí seo faoi bhráid an FSS dá haire. Tá deich gcinn de na mbuarthaí fós oscailte.

Faoi láthair, níl seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas rialaithe ag an Údarás nó ní dhéanann sé cigireacht orthu. Sa bhliain 2010, fuair an tÚdarás 20 buairt maidir le seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas. Dúnadh 19 de na 20 mbuairt go sásúil sa bhliain 2010. Tá ceann amháin fós oscailte.

## 4.3 Eolas Sláinte

### Cad is brí leis do dhaoine

Tá sé ríthábhachtach do gach eagraíocht agus do gach duine proifisiúnta a bhfuil baint aige/aici le soláthar cúraim sláinte agus sóisialta d'othair go bhfuil rochtain acu ar eolas tráthúil, cruinn, iomlán, inléite agus ábharthach. Tá sé tábhachtach chun cáilíocht agus sábháilteacht ár seirbhísí a chinntiú. Trí obair na Stiúrthóireachta um Eolas Sláinte, táimid ag iarraidh sábháilteacht d'othair agus cáilíocht cúraim a fheabhsú trí chaighdeáin in Eolas Sláinte a fhorbairt: caighdeáin le haghaidh sainmhínithe, caighdeáin le haghaidh roinnt eolais, caighdeáin chun rialú agus pribhléid eolais a chinntiú agus caighdeáin chun úsáid, clúdach agus cáilíocht an eolas a bharrfheabhsú.

## Cúlra

Tá eolas maidir le hinfhaighteacht, le hinrochtaineacht, le héifeachtacht, agus le héifeachtúlacht ár seirbhísí sláinte bunúsach chun córas sláinte slán a chur ar fáil. Tá cinnteoireacht mhaithe bunaithe ar infhaighteacht eolais mhaith agus úsáid mhaith an eolais, rud a fheabhsóidh na seirbhísí de réir a chéile. Cé go bhfuil go leor láidreachtaí sa chóras i láthair na huaire, agus roinnt áiteanna sármhaitheasa, tá easpa comhsheasmhachta thar an gcóras de bharr easpa caighdeán agus fadhbanna criticiúla.

Tá sé de dhualgas ar an Údarás cáilíocht agus clúdach reatha an eolais sláinte a anailísiú, fadhbanna a aimsiú agus moltaí a thabhairt chun na fadhbanna sin a réiteach.

Tá sainithe le haghaidh eolais chun comparáideacht bhríoch a áirithiú agus chun dúbailt iarrachta nach gá a sheachaint lárnach d'obair na Stiúrthóireachta. Tá sé tábhachtach, chomh maith, caighdeáin chun comh-inoibritheacht idir na córais sláinte a thacú chun roinnt éifeachtúil eolais sláinte a éascú thar an earnáil ar fad.

Caithfidh creatlach le rialachais eolais a bheith ag gach córas láidir eolais sláinte, a chuireann an tslí ina roinntear eolas go slán agus faoi rún ar bun.

Beidh togra chun aitheantóir uathúil othair a thabhairt isteach, atá ríthábhachtach ar mhaithe le sábháilteacht othar, lárnach den chreatlach seo agus beidh impleachtaí maidir le heolas a roinnt go héasca idir soláthraithe sláinte. Is cuid bhunriachtanach d'fhorbairt taifead leictreonacha sláinte é.

### 4.3.1 Tosaíochtaí




An tOllamh Jane Grimson, Stiúrthóir Eolas Sláinte ag léamh an tuarascáil *Chaighdeánach Teachtaireacht ach um Chleachtas Ginearálta*

Ba é an príomhfhócas le linn na bliana 2010 leanúint ar aghaidh le cur i bhfeidhm an clár oibre maidir le heolas sláinte le foilsiú seacht dtuarascáil ar gnéithe éagsúla den obair. Seo a leanas na tuarascálacha:

- *Athbhreithniú Idirnáisiúnta de Struchtúir Rialachais Eolais*
- *Athbhreithniú Idirnáisiúnta de Chleachtas Mheasúnú Turrainge Príobháideachta (MTP)*


- *Treoir ar Mheasúnú Turrainge Príobháideachta i gCúram Sláinte agus Sóisialta*
- *Catalóg d'Fhoinsí Náisiúnta Eolais Shláinte in Éirinn*
- *Treoir maidir le Táscairí Eochairghníomhaíochtaí a Fhorbairt (TEGí) agus Seiteanna Íos-sonraí chun Monatóireacht a dhéanamh ar Cháilíocht Chúraim Shláinte*
- *Ag caighdeánú Eolas Atreoraithe Othar: Dréacht-Teimpléad Náisiúnta le haghaidh Comhairlithe*
- *"Anailís "Mar-atá" de Rialachas Eolais in Ionaid Chúram Sláinte agus Sóisialta in Éirinn*

Bhí na tosaíochtaí a shainaithníodh bunaithe ar na cinn a leag Bord an Údaráis síos sa *Phlean Corparáideach 2010 - 2012*, agus i gcomhairle le páirtithe leasmhara. Theastaigh roinnt athsceidealú ar an gclár oibre de thoradh na moille i bhfoilsiú an Bhille um Eolas Sláinte agus chomh maith leis sin in iomarca tionscadal nua maidir le moltaí a dhéanamh dírithe ar fheabhas a chur ar an bpróiseas atreoraithe DG.

### 4.3.2 Achoimre ar ghníomhaíochtaí le linn na bliana 2010

#### Caighdeáin Eolais

Lean an coiste stiúrtha um chaighdeáin eolais sláinte, déanta suas ag ionadaithe ón Údarás, ó Fheidhmeannach na Seirbhíse Sláinte, ón Roinn Sláinte agus Leanaí, ón gClárlainne Náisiúnta Ailse, ón Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta, ón Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann, ón mBord Taighde Sláinte agus ón Institiúid um Shláinte Phoiblí in Éirinn, ag soláthar eolais chuig an Stiúrthóireacht maidir lena hobair.




Ag leanúint ó fhoilsiú an *Chaighdeáin um Chleachtas Ginearálta i gCurtha Teachtaireachtaí* i mí an Mhárta 2010 a bhaineann leis an gcaighdeán do churtha teachtaireachtaí leictreonacha chuig agus ó chleachtaí ginearálta, chuir an Stiúrthóireacht tús le próiseas tástála conformaí de theachtaireachtaí leis na caighdeáin agus foilseofar na torthaí sa bhliain 2011. Anuas air sin, cuireadh tús le hobair ar fhorbairt léarscáil bóthair do thaifead náisiúnta um shláinte leictreonach agus é mar aidhm aige é a fhoilsiú sa bhliain 2011.

## Aitheantóirí Uathúla Sláinte le haghaidh Lianna agus Eagraíochtaí

Rinne an tÚdarás taighde ar thionscnaimh náisiúnta agus idirnáisiúnta agus ar dhea-chleachtais san earnáil seo d'aitheantóirí uathúla sláinte le haghaidh lianna agus eagraíochtaí. Tá obair déanta ag an Stiúrthóireacht le grúpa comhairleach thar ceann eochair-pháirtithe leasmhara náisiúnta. Tá moltaí forbartha aige maidir le haitheantóirí uathúla do lianna agus eagraíochtaí.

## Aitheantóir Uathúil Sláinte do dhaoine aonair in Éirinn

Is é easpa aitheantóra uathúil sláinte do dhaoine aonair ceann de na heasnaimh is mó in infrastruchtúr eolais náisiúnta sláinte. Sa bhliain 2010 lean an Stiúrthóireacht ar aghaidh ag obair sa cheantar seo ag foilsiú *Athbhreithniú Idirnáisiúnta d'Aitheantóirí Uathúla Sláinte do Dhaoine Aonair*, athbhreithniú idirnáisiúnta d'aitheantóirí uathúla sláinte, chomh maith le hionchur mionsonraithe a sholáthar maidir le socruithe rialachais don Bhille Eolais Sláinte.

## An Straitéis Náisiúnta um Eolas Sláinte

Lean an tÚdarás ar aghaidh ag glacadh páirt ghníomhach in obair an Ghrúpa Idirghníomhaireachta um Eolas Sláinte ag cur leis an gcur i bhfeidhm leanúnach de na gnéithe seo den phlean forfheidhmithe straitéisí náisiúnta um eolas sláinte, as a bhfuil an tÚdarás freagrach.

## An Bille um Eolas Sláinte

Is reachtaíocht chriticiúil é an Bille um Eolas Sláinte, atá á fhorbairt ag an Roinn Sláinte agus Leanaí faoi láthair, a bunaíodh an chreatlach dhlíthiúil ionas go mbeidh an tÚdarás in ann a chuid dualgas reachtúla mar gheall ar eolas sláinte a chomhlíonadh. Le linn na bliana 2010, lean an tÚdarás ar aghaidh le páirt ghníomhach a ghlacadh i struchtúrú an Bhille.

## An Creatlach Rialachais um Eolas Sláinte

Tá tuiscint ar fhiúntas eolais phearsanta sláinte ag méadú de réir a chéile. Ach, caithfear é a bhainistiú i gceart chun na daoine, lena mbaineann an t-eolas, a chosaint, agus chun buntáistí, a d'fhéadfadh teacht as bailiú agus úsáid an eolais seo, a uasmhéadú.

Tá an tÚdarás ag forbairt caighdeán le haghaidh rialachais eolais sláinte i gcomhairle le páirtithe leasmhara freisin, a bheidh bunaithe ar an mBille um Eolas Sláinte atá le teacht. D'fhonn an obair seo a chur chun cinn sa bhliain 2010, d'fhoilsigh an Stiúrthóireacht um Eolas Sláinte *Anailís "Mar-atá" de Rialachas Eolais in Ionaid Chúram Sláinte agus Sóisialta in Éirinn* a dhéanann scrúdú ar na forálacha reachtúla maidir le rialachas agus struchtúir eolais, polasaithe agus treoirlínte atá i bhfeidhm. Lean *Athbhreithniú Idirnáisiúnta de Struchtúir Rialachais Eolais* é seo. Anuas air sin, d'fhoilsigh an Stiúrthóireacht *Athbhreithniú Idirnáisiúnta de Chleachtas Mheasúnú Turrainge Príobháideachta (MTP)*, agus ina dhiaidh sin *Treoir ar Mheasúnacht Turrainge Príobháideachta faoi Chúram Sláinte agus Sóisialta* sonraithe, chomh maith le Tuarascáil Samplach MPT agus foirm *Mheasúnacht Tairsí um Mheasúnacht Turrainge Príobháidí*.


Agus an méid sin eolais á mbailiú, á n-úsáid agus á roinnt i soláthar chúram sláinte agus sóisialta, tá sé tábhachtach go dtógfar na céimeanna chun príobháideacht gach duine aonair a chosaint agus a chinntiú go ndéileáiltear le heolas pearsanta sláinte mothálaí, d'fhonn an cúram is fearr agus is féidir a sholáthar. Is uirlis chomónta iad Measúnachtaí Turrainge Príobháidí (PIAí) a úsáidtear go hidirnáisiúnta chun príobháideacht daoine a chosaint.

Baintear úsáid as PIAí thar gach earnáil ach úsáideann soláthraithe cúraim sláinte, go sonrach, iad chun cuidiú leo rioscaí féideartha a bhaineann le bailiú agus úsáid eolas sláinte príobháidí a aithint mar déantar an t-eolas seo a rangú mar mhothálach. Is é an phríomhaidhm a bhaineann le tabhairt faoi PIA cearta úsáideoirí seirbhíse a chosaint.

Tá críoch curtha le hobair ar athbhreithnithe idirnáisiúnta ar bhainistíocht rialachais eolais agus ar cháilíocht sonraí agus foilseofar é sa bhliain 2011.

## Caighdeáin d'Fhoinsí Eolais Náisiúnta Sláinte

Bailítear cuid mhaith eolais faoinár seirbhísí sláinte ar bhonn rialta. Baintear úsáid as an eolas seo chun monatóireacht a dhéanamh ar thorthaí feidhmíochta agus sláinte, ar ghalracht agus ar mhortlaíocht, ar fhaireachas agus ar eipidéimeolaíocht, ar úsáid acmhainní agus aisíocaíocht, agus ar cheapadh beartais. Chuir an tÚdarás tís le caighdeáin náisiúnta a fhorbairt, i gcomhairle le páirtithe leasmhara, d'fhonn cáilíocht ghinearálta na bhfoinsí eolais náisiúnta sláinte a chinntiú (úsáid acmhainní a bharrfheabhsú ina measc).




*Catalóg Fhoinsí Náisiúnta um Eolas Sláinte in Éirinn*

Bhain an chéad chéim den tionscadal seo, a thosaigh sa bhliain 2009, le hullmhú fardail foinsí náisiúnta um eolas sláinte. Soláthraíonn sé 'ionad ilfhreastail' maidir le foinsí náisiúnta um eolas sláinte agus méadóidh sé feasacht i measc na bpáirtithe leasmhara ar fhoinsí eolais sláinte, ar aidhm agus ar úsáideacht fhoinsí eolais sláinte. D'fhoilsigh an tÚdarás an *Catalóg Fhoinsí Náisiúnta um Eolas Sláinte in Éirinn* sa bhliain 2010. Is éard a bhí i gceist leis an dara cuid den tionscadal seo, arna bhfuil an obair pháirce curtha i gcrích,

ná anailís níos cruinne de shampla ionadaíochta de 10 as 97 foinsí ar an iomlán mar chuid den chatalóg agus é mar aidhm aige na téamaí agus na ceisteanna a chóir aghaidh a chur orthu sna caighdeáin a shainaithint.

### Táscairí Feidhmíochta agus Tacair Íosta Sonraí

*Foilsíodh Treoir maidir le Forbairt a dhéanamh ar Eochairtháscairí Feidhmíochta (KPIí) agus Tacair Íosta Sonraí chun Monatóireacht a dhéanamh ar Cháilíocht Cúraim Sláinte* sa bhliain 2010 agus baineadh úsáid as chun eolas a chur ar fáil ar mhaithe le forbairt de shraith KPIí éigeandála réamh-ospidéil d'amanna freagartha éigeandála le bheith foilsithe go luath sa bhliain 2011.

### Tionscadal Athbhreithnithe um Atreoraithe Cleachtais Ghinearálta

D'iarr Bord an Údaráis ar an Stiúrthóireacht Eolais Sláinte tabhairt faoi thionscadal breise dírithe ar fheabhas a chur ar cháilíocht agus ar shábháilteacht an gnáthaimh atreoraithe DG sa bhliain 2010. Tá athbhreithniú cuimsitheach déanta ag an Údarás de na gnáthaimh agus na próisis i mbunchúram agus i gcúram tánaisteach maidir leis an mbealach atreoraithe. Nochtaigh an obair seo neamhréireanna agus rioscaí dáiríre a d'fhéadfadh le próiseas níos caighdeánaithe a fheabhsú.

Rinneadh athbhreithniú idirnáisiúnta ar chleachtas is fearr freisin. Ceann de na heasnaimh a shainaithníodh go luath ná an easpa sonraí caighdeánaithe leagtha amach le haghaidh atreoraithe ó bhunchúram go cúram tánaisteach. D'fhoilsigh an tÚdarás, i gcomhpháirtíocht leis an gColáiste de Dhochtúirí Ginearálta na hÉireann, *Ag Caighdeánú Eolais Atreoraithe Othair: Dréacht-Teimpléad Náisiúnta le haghaidh Comhairlithe* ag deireadh na bliana 2010. Beidh an sraith sonraí agus an teimpléad deiridh mar chuid de na moltaí deiridh maidir leis an mbealach atreoraithe DG ar an iomlán, a fhoilseofar sa bhliain 2011.

## 4.4 Measúnú ar Theicneolaíocht Sláinte

### Cúlra

Is eagraíocht reachtúil in Éirinn é an tÚdarás a fhéadann measúnachtaí ar theicneolaíocht sláinte a dhéanamh faoi réir a dtéarmaí tagartha. Tugann sé faoi mheasúnachtaí a chuireann le cinntí a bhaineann le polasaithe agus seirbhísí náisiúnta; déanann sé treoirlínte a fhorbairt i leith iompair agus measúnaithe na Measúnachtaí ar Theicneolaíocht Sláinte (HTA) thar ár gcóras sláinte ar fad, agus déanann sé athbhreithnithe agus moltaí maidir leis na seirbhísí d'fhonn na torthaí is fearr a chinntiú le haghaidh othar agus tabhairt na hacmhainní atá ar fáil don FSS san áireamh.

Tá tacú le cinnteoireacht sláinte ríthábhachtach maidir le measúnú ar theicneolaíocht sláinte. Chuir an tÚdarás trí HTA i gcrích go dtí seo. Mheas an chéad cheann éifeachtúlacht costais an vacsaínithe shineánómaivíreas daonna (HPV) in aghaidh ailse ceirbheacs agus foilsíodh i mí Feabhra 2008 é. Úsáideadh torthaí na measúnachta seo chun tacaíocht a thabhairt do chinneadh a rinne an tAire Sláinte agus Leanaí vacsaíniú shineánómaivíreas daonna a chur ar fáil do chailíní atá 12 bhliain d'aois ó 2010 ar aghaidh.

Mheas an dara mheasúnacht ar theicneolaíocht sláinte éifeachtúlacht chostais, torthaí sláinte agus riachtanais acmhainní na roghanna ilchineálacha maidir le clár scagthástála ailse calaireicteaí bunaithe ar dhaonra i mí an Mheitheamh 2009. Ba é an toradh a bhí ar an measúnacht seo ná gur iarr an tAire Sláinte agus Leanaí ar an Údarás tuilleadh luachála a dhéanamh chun na hacmhainní atá sannta do na cláir náisiúnta scagthástála ailse bunaithe ar dhaonra atá ann faoi láthair a mheas. Bhí sé seo chun éifeachtúlachta a bheifí in ann baint amach as an gcóras reatha a aithint, chun seirbhísí ionscópachta ar an drólann agus na hacmhainní a bhaineann leis a mheas laistigh de FSS d'fhonn clár scagthástála ailse calaireicteaí a chur ar fáil in Éirinn. Tugadh an tríú HTA seo chun críche i nDeireadh Fómhair 2009 agus bhí ról lárnach aige i gcinneadh an Aire, a rinneadh in Eanáir 2010, clár náisiúnta scagthástála ailse calaireicteaí a sholáthar ón mbliain 2012 ar aghaidh.

## 4.4.1 Achoimre ar ghníomhaíochtaí le linn na bliana 2010

1







2


3


4



5


6



Bhí an tÚdarás ina óstach rathúil ar an gcruinniú bliantúil HTAi *'Ag uasmhéadú luach HTA'* i mBaile Átha Cliath; an chomhdháil HTA is mó ar domhain

## Ceannteidil na bpictiúr ar an leathanach in urchomhair

- An Dr. Máirín Ryan, Stiúrthóir Mheasúnú ar Theicneolaíocht Sláinte, an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte, ag labhairt ag an gcomhdháil.
- (C-D): An tOll. Mark Sculpher, Ollamh le hEacnamaíocht Sláinte, Ollscoil York, An Dr. Máirín Ryan, Stiúrthóir Mheasúnú ar Theicneolaíocht Sláinte, an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte, An Dr. Lesley Tilson, Príomhchógaiseoir, An tIonad Náisiúnta um Chógaseacnamaíochtaí, agus An Dr. Michael Barry, Stiúrthóir Liachta an tIonad Náisiúnta um Chógaseacnamaíochtaí ag freastal ag an gcomhdháil.
- Scaipeann na toscairí timpeall ag Fáiltiú na Comhdhála in Ionad Comhdhála an RDS, Baile Átha Cliath.
- An Dr. Laura Sampietro-Colom, Uachtarán HTAi, ag labhairt ag an gcomhdháil.
- Karen Facey, Staitisteoir Cláraithe, Iarchathaoirleach Fhóram Polasaí HTAi, ag labhairt ag an gcomhdháil.
- (C-D) An Dr. Máirín Ryan, Stiúrthóir HTA, An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte, An Dr. Tracey Cooper, Príomhfheidhmeannach, An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte, An tOll. Mike Drummond, Ollamh le hEacnamaíocht Sláinte, Ollscoil York, An Dr. Lesley Tilson, Príomhchógasóir, An tIonad Náisiúnta um Chógaseacnamaíocht, ag freastal a an gcomhdháil.

Ceann de na príomhaidhmeanna a bhí ann don bhliain 2010 ná foireann HTA ildhisiplíneach a earcú agus a cheapadh leis na scileanna agus an saineolas riachtanach chun HTA ar ardchaighdeán a sheoladh. Bhí sé seo ina thosaíocht don Údarás ionas go mbeadh sé ar ár gcumas tabhairt faoi chlár HTAí i gcomhréir lenár riachtanais reachtúla. Ceapadh sé phost HTA tábhachtach le linn na bliana 2010.

## Cumas agus acmhainn a áirithiú i Measúnú ar Theicneolaíocht Sláinte

Ar an ábhar go bhfuil HTA ina dhisciplín sách nua agus neamhfhorbartha HTA in Éirinn, tá sé tábhachtach go ndéantar forbairt ar shaineolas náisiúnta i seoladh agus in ateangaireacht HTA. Ag tacú leis seo, d’oibrigh an tÚdarás le páirtithe leasmhara seachtracha chun deiseanna traenála agus oiliúna in HTA a phleanáil. I measc na dtionscnamh bhí comhchistiú clár comhaltachta PhD trí bliana ag an Ionad Náisiúnta um Chógaseacnamaíochtaí; ag tacú le mac léinn ar an gclár comhaltachta PhD in Eacnamaíocht Sláinte (comhchistithe ag an mBord Taighde Sláinte agus an Institiúid Náisiúnta Ailse sna Stáit Aontaithe); tacaíocht traenála agus oiliúna do bhaill foirne an HTA d’fhonn cur lena saineolas; traenáil le haghaidh fhoireann páirtithe leasmhara; agus trí thacaíocht sparánachta comh-mhaoinithe le haghaidh ionadaithe othar agus foireann cúraim sláinte ag comhdháil HTAi sa bhliain 2010, ostaithe i mBaile Átha Cliath.

### Teagmháil le Páirtithe Leasmhara

Chun tionscadal atá ar bun a éascú agus a insint agus chun tosaíocht a insint don chlár oibre HTA leanúnach, thug foireann an Stiúrthóireachta HTA faoi próiseas comhairlithe chuimsithigh le heochairpháirtithe leasmhara sa bhliain 2010. Chuimsigh sé sin cruinnithe le déantóirí polasaithe, le soláthraithe seirbhíse, cliniceoirí, grúpaí othar, lucht acadúla, tionscadail chógais agus theicneolaíochta chomh maith le réimse leathan eagraíochtaí rialtais. Leanann an Stiúrthóireacht HTA ag tacú le cur i bhfeidhm an Plean Aicsin Náisiúnta um Thaighde Sláinte trí a ballraíocht den Ghrúpa Taighde Sláinte (An Roinn Sláinte agus Leanaí).

### 4.4.2 Measúnachtaí ar Theicneolaíocht Sláinte arna Tugadh Fúthu le linn na bliana 2010

In Aibreán na bliana 2010, d'aontaigh an tÚdarás tabhairt faoi phriónscagachán tiúchán eiritricítí (RCC) ag freagairt d'iarratas ón Roinn Sláinte agus Leanaí. Ba é cuspóir an HTA seo measúnú a dhéanamh ar an bhfianaise atá ar fáil maidir le tarchur vCJD ó fhuilaistriú RCC in Éirinn, sábháilteacht agus éifeachtúlacht scagairí bainte priúin, na costais agus éifeachtúlacht costais a bhaineann le cur i bhfeidhm polasaí priónscagachán agus comhairle a chur ar fáil maidir le ceisteanna eile a d'fhéadfadh a bheith tógtha san áireamh sula ndéanfar cinnte maidir le cur i bhfeidhm polasaí cosúil leis.

Thug an Stiúrthóireacht HTA de chuid an Údaráis, tacaithe ag an Dr. Deirdre Madden, Dámh an Dlí, Coláiste Ollscoile Corcaí, a sholáthair tráchtaireacht dlíthiúil agus eiticiúil faoin obair. Tionóladh Grúpa Comhairlithe Ildhisiplínigh déanta suas de Shaineolaithe, saineolaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta san áireamh, chun comhairle a chur ar an Údarás maidir le cén chaoi an measúnú a dhéanamh. D'fhormheas an Grúpa Comhairlithe déanta suas de Shaineolaithe an dréacht-thuarascáil i mí na Samhna na bliana 2010 agus cuirfear faoi bhráid Bhord an Údaráis le haghaidh formheasta in Eanáir na bliana 2011.

### 4.4.3 Treoirlínte maidir le Measúnú ar Theicneolaíocht Sláinte Forbartha sa bhliain 2010

Tá forbairt treoirlínte náisiúnta maidir le HTA a sholáthraíonn léargas ar na prionsabail agus na modheolaíochtaí a bhaintear úsáid astu agus teicneolaíochtaí sláinte á mheas mar chuid lárnach d'obair an Údaráis. Is é cuspóir na dtreoirlínte seo táirgiú measúnaithe atá prapúil, iontaofa, comhsheasmhach agus ábharthach i leith riachtanais na ndaoine a dhéanann na cinntí agus riachtanais na n-eochairpháirtithe leasmhara in Éirinn a chur chun cinn.

Tá sé mar aidhm go mbeadh treoirlínte HTA in ann a bheith curtha i bhfeidhm ar gach idirghabháil cúraim sláinte, lena n-áirítear poitigéirí, gnáthaimh, áiseanna liachta, idirghabhálacha sláinte pobail níos leithne agus modhanna seachadta seirbhíse. Tá siad ábhartha maidir le measúnú ar theicneolaíochtaí nua agus reatha. Déantar forbairt ar na treoirlínte HTA i gcomhpháirtíocht leis an nGrúpa Comhairlithe Eolaíochtúil HTA de chuid an Údaráis, déanta suas ag eochairpháirtithe leasmhara i gcúram sláinte in Éirinn, lena n-áirítear saineolaithe modhloighciúla náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Beidh na treoirlínte HTA déanta suas ag go leor rannóga lena n-áirítear treoir maidir le measúnú eacnamaíochta, anailís turrainge buiséid, gnéithe sóisialta, eiticiúla agus eagraíochtúla a bhaineann le HTA agus formáidí tuairiscithe molta. Tá gach ceann de na rannóga seo tábhachtach. Seachas moill a chur ar léiriú na dtreoirlínte go dtí go bhfuil gach rannóg críochnaithe, measadh go mbeadh sé tráthúil forbairt a dhéanamh a dhéanamh ar na rannóga na dtreoirlínte mar dhoiciméid aonair. Sa bhliain 2010, foilsíodh péire de na rannóga seo. Tá siad seo liostáilte thíos.

## Treoirlínte maidir le Luacháil Eacnamaíochta de Theicneolaíochtaí Sláinte in Éirinn




*Treoirlínte maidir le Luacháil Eacnamaíochta de Theicneolaíochtaí Sláinte in Éirinn*

Seasann an doiciméad seo mar an gcéad chuid de na treoirlínte HTA. Tá siad teoranta chuig an treoir mhodhloighciúil maidir le conducht measúnaithe eacnamaíochta agus tagann siad in áit na *Treoirlínte Éireannacha um Mheasúnú ar Theicneolaíocht Cúraim Sláinte, 2000.*

Tá sé mar chuspóir ag na treoirlínte eacnamaíochta cabhrú leo siúd ag conduchtadh nó ag úsáid measúnaithe eacnamaíochta mar chuid de HTA in Éirinn. Tá sé mar aidhm acu eolas a sholáthar maidir le measúnaithe eacnamaíochta déanta ag, nó ar son an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte, an tIonad Náisiúnta um Chógaseacnamaíochtaí, an Roinn Sláinte agus Leanaí agus Feidhmeannach na Seirbhíse Sláinte (FSS), soláthraithe teicneolaíochta sláinte ag ullmhú iarratas le haghaidh aisíoctha le bheith san áireamh.

## Treoirlínte maidir leis an Anailís Turrainge Buiséadaí de Theicneolaíochtaí Sláinte in Éirinn

Is éard is anailís turrainge buiséadaí (BIA) ann ná uirlis leis an turraing airgeadais fhéideartha d'altramú agus de leathadh teicneolaíocht nua i gcóras cúraim sláinte le hacmhainní críochta. Cé go dtéann anailís eacnamaíochta i ngleic leis an leas sláinte breise gnóthaithe ó infheistiú i dteicneolaíocht – mar shampla, an costas le bliain saoil choigeartaithe cáilíochta breise (QALY) gnóthaithe – téann BIA i ngleic le costas

acmhainneacht na teicneolaíochta, mar shampla an glanchostas airgeadais bhliantúil a bhaineann le huchtú na teicneolaíochta do mhéid blianta críochta.

Tá na treoirlínte BIA teoranta don treoir mhodhloighciúil ar chonducht anailís turrainge buiséadaí (BIA) agus tá siad ceaptha cleachtas is fearr i BIA a chur chun cinn. Tá sé i gceist breathnú ar na treoirlínte seo mar dhoiciméad comhlántach don rannóg ar threoir eacnamaíochta de threoirlínte an HTA. Tá sé i gceist acu eolas a chur ar fáil do BIA curtha i gcrích ag, nó ar son an Údaráis, an Ionad Náisiúnta um Chógaseacnamaíochtaí, an Roinn Sláinte agus Leanaí agus Feidhmeannach na Seirbhíse Sláinte (FSS), le soláthraithe teicneolaíochta sláinte ag ullmhú feidhmeannaí le haghaidh aisíocaíochta le bheith san áireamh.

Imlíníonn na treoirlínte na rudaí a mheastar mar mhodhanna is fearr chun anailís turrainge buiséadaí in HTA in Éirinn a dhéanamh. Tá sé mar sprioc ag na treoirlínte seo eolas a chur ar fáil chun cinntí dhéanamh taobh istigh den chóras cúraim sláinte agus sóisialta, maoinithe ag an bpobal, in Éirinn, ionas gur féidir na hacmhainní atá ar fáil don chóras a úsáid ‘ar an mbealach is tairbhí, is éifeachtaí agus is feidhmiúla chun sláinte agus leas an phobail a chur chun cinn agus a chosaint.

### 4.4.4 Grúpa Comhairleach an Chláir

Sa bhliain 2010, reáchtáladh an chéad chruinniú de Ghrúpa Comhairleach an Chláir (PAG) de chuid an Údaráis. Le hionadaíocht leathan ó na heochairpháirtithe leasmhara sa chóras cúraim sláinte in Éirinn, feidhmíonn an PAG mar chomhlacht comhairleach don Údarás. Stiúrann sé agus cuidíonn sé le forbairt pholasaithe agus ghnáthaimh an Údaráis, ionas gur féidir leis an Údarás a dhualgas a chomhlíonadh laistigh de chreat náisiúnta níos leithne le haghaidh HTA.

I measc na saincheantar ar a soláthróidh an PAG comhairle tá: forbairt ar chreatlach le haghaidh atreoraithe, measúnaithe luath, tosaíochta agus measúnaithe ar HTAí molta; agus clár scanta léaslíne. Cuimseoidh an obair seo altramú teicneolaíocha nua agus ath-mheasúnú teicneolaíochta.

#### Scanáil Léaslíne


Soláthraíonn Scanadh Léaslíne eolas reatha ar theicneolaíochtaí nua agus iad atá ag teacht chun cinn chun pleanálaithe agus déantóirí polasaithe a dhéanamh airdeallach dár dturraing theachta agus fhéideartha maidir le sábháilteacht agus costas, sula dtógtar isteach sa chóras sláinte iad. Cuimsíonn cuspóirí scanta léaslíne na rudaí seo a leanas: teicneolaíochtaí nua a aithint a d'fhéadfadh impleachtaí móra a bheith acu ar an gcóras sláinte; uchtú agus úsáid teicneolaíochtaí nua a réasúnú; measúnú a dhéanamh ar cheantair athruithe teicneolaíochta; teicneolaíochtaí hipí-úsáidte a aithint; fadhbanna sláinte níos leithne a aithint agus pleanáil fhad-téarma a éascú a réamhghabhann díotha sa todhchaí.

Ag an gcruinniú i mí Dheireadh Fómhair na bliana 2010 den Ghrúpa Comhairlithe Cláir, rinneadh mionsonrú ar thionscnamh molta scanadh léaslíne le haghaidh tuisceana. Cuireadh torthaí suirbhé scanta léaslíne, arna thug an tÚdarás faoi, a bhain le comhairliú le réimse leathan páirtithe leasmhara taobh istigh de chóras cúraim sláinte na hÉireann i láthair. Thacaigh an grúpa le plean an Údaráis eolas scanta léaslíne a chur in iúl trí léiriú agus imeacht de nuachtlitir leictreonach dé-bhliantúil ar pháirtithe leasmhara i gcóras sláinte na hÉireann.

### 4.4.5 Líonraí idirnáisiúnta

Is é Measúnú ar Theicneolaíocht Sláinte idirnáisiúnta (HTAi) an eagraíocht phroifisiúnta idirnáisiúnta a dhíríonn go sonrach ar HTA. Brásálann sé na dreamanna a thugann faoi mheasúnaithe agus a úsáideann eolas HTA, bíodh sé in institiúidí acadúla, áiseanna cúraim sláinte, tionsclaíocht, gnó, an earnáil dheonach nó rialtas.

#### An 7ú Cruinniú Bliantúil, Baile Átha Cliath 2010: Ag Uasmhéadú Luach HTA




Clár Chomhdháil HTAi 2010

Idir an 6 agus an 9 Meitheamh 2010, bhí an tÚdarás ina óstach rathúil ar an 7ú cruinniú idirnáisiúnta bliantúil HTA *'Ag Uasmhéadú Luach HTA'* i mBaile Átha Cliath. Mheall an ócáid seo 1,216 toscaire taobh istigh den phobal HTA ó 58 tír agus bhí sé ar an gcruinniú is mó d'aon chomhdháil HTAi go dtí seo ar domhan. Thug an chomhdháil seo deis don Údarás caidrimh thábhachtacha a altramú lena chomhpháirtithe idirnáisiúnta agus d'éascaigh sé an fhorbairt agus an mhalairt d'eolas HTA. Thug sé aitheantas feiliúnach d'Éire mar eochairchomh-oibritheoir idirnáisiúnta i dtaighde cúraim sláinte agus HTA.

Tá sé mar chuspóir ag an Údarás inniúlacht HTA a mhéadú in Éirinn. Thug an chomhdháil deiseanna oideachasúla agus líonraithe tábhachtacha do na 153 toscaire Éireannacha a d'fhreastal uirthi. Chun tacú le forbairt HTA in Éirinn, chomh-mhaoinigh an tÚdarás agus An Roinn Sláinte agus Leanaí sparánachtaí a mhaoinigh freastal 18 toscaire Éireannacha ag an gcomhdháil ón tseirbhís sláinte poiblí agus grúpaí ionadaithe othar.

Bhí an Dr. Máirín Ryan, Stiúrthóir HTA ag an Údarás ina comhchathaoirleach ar an gCoiste Eagraithe Áitiúil agus an Grúpa Comhairlithe Comhdhála freisin. Anuas ar an lóistíocht eagraíochtúla don chomhdháil, chuidigh baill foirne comhordú a dhéanamh ar an lucht eolaíochta don chomhdháil lena n-áirítear athbhreithniú a dhéanamh ar choimrithe, seisiúin a sceideal agus clár comhdhála a chur le chéile chomh maith le leabhráin coimrithe do thoscairí.

Dhearbhaigh foirmeacha luachála comhdhála aiseolas an-dearfach. Rinne an chuid is mó de na freagraí trácht ar scoth an luchta eolaíochta agus ar ábharthacht ábhar na comhdhála san aeráid eacnamaíochta reatha.

## Líonra Eorpach le haghaidh Mheasúnú ar Theicneolaíocht Sláinte (EUnetHTA)



D'fhreastal toscairí ón Líonra Eorpach le haghaidh Mheasúnú ar Theicneolaíocht Sláinte (EUnetHTA) ar chruinniú Bheart Oibre den Chomhaicsean EUnetHTA in Oifig Réigiúnach Bhaile Átha Cliath de chuid an Údaráis i mí an Mheitheamh 2010

Tá an tÚdarás ar an eagraíocht náisiúnta HTA ainmnithe don EUnetHTA Comhaicsean ar HTA. Is éard atá sa Chomhaicsean ná conradh idir EUnetHTA agus an gCoimisiún Eorpach agus tá sé mar aidhm aige comhoibriú HTA inbhuanaithe a réalú le tuilleadh luacha mar thoradh aige ag leibhéal Eorpach, náisiúnta agus réigiúnach. Tarraingíonn an chéad tionscadal trí bliana, a thosaigh i mí Eanáir na bliana 2010, eagraíocht ó 23 tír Eorpacha agus tír EEA/EFTA amháin.

Is comhpháirtí é an tÚdarás sa Chomhaicsean 2010-2012 agus tá ról gníomhach aige cur le trí de na hocht bpacáiste oibre (WP) dearaithe chun aidhmeanna iomlána an Chomhaiscin a sheachadadh.

Le linn na bliana 2010, thug baill na Stiúrthóireachta mar imscrúdaitheoirí agus mar athbhreithnitheoirí do Phacáiste Oibre 4 (Croíchuspóir HTA ar Theicneolaíocht Léaslíne) agus lean an tÚdarás lena chuid oibre ar Phacáiste Oibre 5 (Anailís Éifeachtúlacht Coibhneasta d'Earraí Poitigéara).

Sa bhliain 2010, chuir an tÚdarás le Pacáiste Oibre 7 freisin (Teicneolaíochtaí Nua). Ceann de na cuspóirí atá ag an bPacáiste Oibre seo ná tacú le comhoibriú ar theicneolaíochtaí nua agus cur le laghdú dúblaigh oibre trí eolas a roinnt ar mheasúnaithe reatha de theicneolaíochtaí sláinte nua. Tá an tÚdarás ag cur le agus ag déanamh athbhreithniú ar an mbunachar sonraí ar líne ina bhfuil eolas maidir le giniúint fianaise le haghaidh teicneolaíochtaí nua.

### EuroScan – Tionscnamh Domhanda de chuid an Eagraíocht Sláinte Domhanda ar Theicneolaíochtaí Sláinte

Mar chuid de bhallraíocht an Údaráis i Euroscan, sa bhliain 2010 d'aontaigh an tÚdarás, mar shaineolaithe seachtracha, cur le tionscnamh leis an Eagraíocht Sláinte Domhanda (WHO). Bhí sé mar aidhm aige measúnú a dhéanamh ar 10 dteicneolaíocht áiseanna liachta nuálaí, bíodh siad trádálach nó luath sa phróiseas forbartha, a théann i ngleic le buarthaí sláinte domhanda agus atá le bheith inrochtaithe, iomchuí agus inacmhainne le húsáid i dtíortha ar phá íseal agus ar mheán-phá. Mhol an Eagraíocht Sláinte Domhanda cáilíocht agus proifisiúntacht na luachálacha seo agus chuir siad leis an rogha teicneolaíochtaí nuálaí a d'fhéadfadh dul i ngleic leis na buarthaí sláinte domhanda seo.

## 4.5 Seirbhísí Corparáideacha

### Cúlra

Tá ról lárnach ag an Stiúrthóireacht um Sheirbhísí Corparáideacha a chinntiú go bhfuil infrastruchtúr, córais agus próisis oiriúnacha ag an Údarás chun ár n-aidhmeanna a chur i gcrích. Cuireadh réimse gníomhaíochtaí i gcrích le linn na bliana chun infrastruchtúr an Údaráis a fhorbairt agus a threisiú.

### 4.5.1 Acmhainní Daonna

Chuir an tÚdarás Córas Forbartha Bainistithe Gníomhaíochta i bhfeidhm agus d'achtaigh siad é do gach ball foirne taobh istigh den Údarás. Leagadh béim agus cuireadh iarracht isteach ar na ceantair níos leithne de ghníomhaíocht agus d'fhostú fostaithe le dearadh agus le seachadadh roinnt cláir agus gníomhaíochtaí lárnacha.

Rinneadh obair ar mhaithe le bainistíocht a dhéanamh ar fhoghlaim agus ar fhorbairt eagraíochtúil mar ranníocóir do ghníomhaíocht eagraíochta. D'oibrigh an fhoireann Acmhainní Daonna le páirtithe leasmhara inmheánacha chun cláir fhoghlama agus fhorbartha inmheánacha a aithint agus a sheachadadh in eochair cheantair straitéiseacha cosúil le bainistiú tionscadail agus próisis agus dínit agus meas ag an obair. Tacaíodh le fostaithe aonair trí chlár tacaíochta acadúla.

Sholáthair agus d'insealbhaigh an tÚdarás Córas Eolais Acmhainní Daonna nua sa bhliain 2010.

### 4.5.2 Bainistíocht Airgeadais

Lean an fhoireann airgeadais ag déanamh bainistiú ar chúrsaí airgeadais an Údaráis ar bhealach sábháilte. Baineadh oibleagáidí airgeadais amach agus bailíodh táillí bliantúla ilbhuacha ar bhealach prapúil. Chuir úsáid buiséadta agus réamhaisnéise lár-bliana ar ár gcumas bainistíocht daingean a dhéanamh ar chaiteachas i gcoinne acmhainní pleanáilte agus ar fáil. Rinne soláthraí iniúchta inmheánaigh an Údaráis iniúchadh ar rialúcháin airgeadais inmheánaigh an Údaráis le linn na bliana gan aon bhuairt dáiríre le nótáil.

Reáchtáil an tÚdarás obair thionscantach ar chóras airgeadais optamaim fhadtéarmaigh don Údarás, a chuirfidh le sprioc 2011 an Údaráis córas airgeadais feabhsaithe a cheannach agus a chur i bhfeidhm.

Cuireadh cuntais bhliantúil 2010 an Údaráis faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste de réir na scálaí ama leagtha amach san Acht Sláinte 2007. (Féach Caibidil 5.)

### 4.5.3 Plean Corparáideach agus Plean Gnó

Go luath sa bhliain 2010, d'fhoilsigh an tÚdarás *Plean Corparáideach 2010 – 2012* nua. D'fhoilsigh an tÚdarás *Plean Gnó 2010* a imlínigh na croíchuspóirí gnó, comhsheasmhach leis an b*Plean Corparáideach 2010 – 2012*, le bheith bainte amach le linn na bliana. Tá dul chun cinn i gcoinne na bpleananna seo leagtha amach sa Tuarascáil seo. Tá an dá dhoiciméad ar fáil ó shuíomh gréasáin an Údaráis, www.hiqa.ie.

### 4.5.4 Bainistíocht Saoráidí

Tá ceannáras an Údaráis i Machain, Corcaigh agus tá a Oifig Réigiúnach Bhaile Átha Cliath i Margadh na Feirme. Tá roinn baill foirne cigireachta lonnaithe sa bhaile aige freisin. Cuimsíonn an córas bainistithe saoráidí atá i bhfeidhm slándáil, sláinteachas, soláthair, cothabháil agus cóiriú, chomh maith le bainistíocht acmhainní agus soláthraithe seirbhíse. Cuimsíonn sé seo áiseanna cruinnithe seachtracha, soláthraithe ag eagraíochtaí poiblí eile, a chur in áireamh ar fud na tíre, chomh maith le teacht orthu agus bainistiú a dhéanamh ar an bpróiseas.

Roghnaíodh áiseanna an Údaráis déanach sa bhliain 2010 chun páirt a ghlacadh i bpas a dó den fheachtas 'Ag Optamú Cumhachta ag an Obair' curtha i bhfeidhm ag Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW). Tá sé mar aidhm agus an tionscnamh seo laghdú de 20% a bhaint amach in astuithe dé-ocsaíd charbóin bhliantúil i bhfoirgnimh a úsáideann ranna agus eagraíochtaí Rialtais. Tá an OPW ag soláthar saineolas don Údarás maidir le sábháil fuinnimh agus tá sé ag soláthar fearas monatóireachta freisin le haghaidh méadair leictreachais chun caitheamh a bhainistiú níos fearr.

Tá an fuinneamh a chaitear i bhfoirgnimh an Údaráis do théamh, aeroiriúnú, uisce te, soilsiú agus úsáid fearas oifige. Seasann an fuinneamh úsáidte ag ceannáras an Údaráis do 22% dár gcaitheamh agus 78% dár gcaitheamh inár nOifig Réigiúnach Bhaile Átha Cliath. Sa bhliain 2010, chaith an tÚdarás 973 MWh d'fhuinneamh; bhí sé seo déanta suas ag 214 MWh de leictreachas i gCeannáras an Údaráis agus 327 MWh de leictreachas agus 432 MWh de bhreoslaí iontaise san Oifig Réigiúnach Bhaile Átha Cliath.

I measc na miosúr sábhála-fuinnimh a tugadh faoi le linn na bliana 2010 bhí insealbhú amadóirí ar gach coire agus gach áis uisce te agus ar mheaisíní díola in oifigí an Údaráis; insealbhú Chóras Bainistithe Foirgnimh i gCeannáras an Údaráis le háis iar-roichte ón Oifig Réigiúnach Bhaile Átha Cliath agus réiteach amanna d'aonaid aeroiriúnaithe agus coirí in oifigí an Údaráis.

Sa bhliain 2011, tá sé i gceist ag an Údarás a ghníomhaíocht fuinnimh a laghdú trí thabhairt faoi na tionscnaimh seo a leanas: feachtas feasachta 'Ag Optamú Cumhachta @ an Obair' do bhaill foirne le cabhrú ó Oifig na nOibreacha Poiblí, gníomhachtú gléasanna sábhála-fuinnimh cosúil leis an 'rith in am' de na soilsí oifige a shocrú in áiteanna nach bhfuil go leor daoine ag obair iontu agus triail a bhaint as bogearraí chun an córas PC a dhúnadh síos chun fuinneamh a chaomhnú.

### 4.5.5 Córais Eolais

Chríochnaigh an tÚdarás straitéis Eolais agus Teicneolaíochta Cumarsáide (ICT) le linn na bliana. Tá an Stráitéis seo buntacaithe ag ceithre eochairphrionsabal eolais:

- is acmhainn luachmhar é eolas agus is leis an Údarás é
- déanfar bainistiú feidhmiúil agus éifeachtach chun dúbailt a sheachaint agus chun rochtain chuí a éascú go hinmheánach agus go seachtrach
- déanfar eolas a bhainistiú go sábháilte agus go daingean de réir caighdeán dea-chleachtais
- beidh foinse agus coimeádaí aitheanta ag eolas.

Tríd an straitéis seo a chur i bhfeidhm, sheachaid an fhoireann réimse tionscadail sa bhliain 2010. Sholáthair na tionscadail slándáil, inniúlacht agus iontaofacht Chórais ICT níos fearr. I measc na dtionscadal ní b'éifeachtaí bhí:

- cur i bhfeidhm infrastruchtúr samhalta ag éascú athghabháil tubaiste leibhéil feidhmithe d'ár bpríomhchórais
- úsáid SharePoint 2010 mar a uirlis bainistithe doiciméid atá tar éis a bheith píolótaithe le roinnt grúpaí agus tionscadail

- feabhsú infrastruchtúir trí bhallaí dóiteáin a uasghrádú, an réiteach tacaíochta a fheabhsú, cosaint poirt a chur i bhfeidhm ar gach áis a cheanglaítear le córas an Údaráis agus réiteach cartlainne poist níos scálaithe a chur i bhfeidhm.

Fuarthas formheas leanúint ar aghaidh le cur i bhfeidhm Córas Bainistithe Eolais (IMS) ar fud an Údaráis. Beidh an córas mar mhol de straitéis bainistithe eolais de chuid an Údaráis. Le linn na bliana, cuireadh próiseas forthairisceana i gcrích, ceannaíodh na crua-earraí agus na bogearraí ar fad agus cuireadh an infrastruchtúr i bhfeidhm. Tá an chéad phas eile den tionscadal le tosú sa bhliain 2011 tar éis do na túspróisis gnó a bheith sainithe.

### 4.5.6 Sláinte agus sábháilteacht

Tá an tÚdarás tiomanta do bheith géilliúlacht don na riachtanais atá leagtha amach san Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 agus Rialacháin an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhmeanna Ginearálta) 2007. Déantar é seo a bhaint amach trí ghéilliúlacht iomlán do na gnáthaimh agus na polasaithe sláinte agus sábháilteachta forbartha agus trí oiliúint oiriúnach, chláir um fheasacht sábháilteachta agus threalamh cosanta pearsanta a sholáthar nuair a theastaíonn sé.

Tá ráiteas sábháilteachta ullmhaithe agus déantar athbhreithniú air ar bhonn leanúnach. Tá Coiste Sláinte agus Sábháilteachta ag an Údarás agus bhuail siad le chéile go rialta le linn na bliana.

### 4.5.7 Saoráil Faisnéise

Ní mór don Údarás a fheidhm a bhaint amach faoi réir fhorálacha na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise (FOI). Bhunaigh na hAchtanna seo trí cheart reachtúla nua:

- ceart dlíthiúil ag daoine rochtain a bheith acu ar aon eolas atá á choinneáil ag eagraíochtaí poiblí
- ceart dlíthiúil ag daoine eolas oifigiúil atá á choinneáil ag eagraíocht poiblí maidir leis/léi a nuashonrú nuair atá sé neamhiomlán, mícheart nó míthreorach
- ceart dlíthiúil ag daoine fáthanna a fháil maidir le cinntí a bhí déanta ag eagraíocht poiblí a bhain leo.

Tugadh freagra ar gach iarratas mar is cuí agus bhainistigh an tOifigeach um Shaoráil Faisnéise agus na Cinnteoirí um Shaoráil Faisnéise iad de réir na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus 2003. Mhéadaigh an tÚdarás líon na gCinnteoirí FOI acu trí oiliúint chuí a sholáthar dóibh.

Le linn na bliana, fuair an tÚdarás 35 iarratas Shaoráil Faisnéise (FOI) ar an iomlán. De na 35 iarratas seo, deonaíodh ocht ina n-iomlán, leath-dheonaíodh 15, diúltaíodh le 15, aistarraingíodh ceann amháin agus tá cinneadh amháin ar feitheamh.

Anuas air sin, de na 35 iarratas FOI a fuair an tÚdarás, déileáil sé le ceithre athbhreithniú inmheánacha de chinntí. De na ceithre athbhreithniú inmheánacha, dhearbhaigh an tÚdarás trí de na túschinntí. Anuas air sin, reáchtáil an tÚdarás 18 comhairliú neamhfhoirmiúla le heagraíochtaí eile maidir le hiarratais FOI a fuarthas sa bhliain 2010.

Bhí baint ag an Údarás le 7 gcomhairliú neamhfhoirmiúla le heagraíochtaí eile maidir le hiarratas FOI a fuair siad le turraing acu ar obair an Údaráis. Rinne Oifig an Choimisinéara Eolais trí athbhreithniú ar chinntí an Údaráis agus cumhdaíodh trí chinn acu.

Tá gnáthaimh curtha ar bun ag an Údarás, leis an Roinn Sláinte agus Leanaí agus Feidhmeannach na Seirbhíse Sláinte araon, chun déileáil le hiarratas FOI. Cinntíonn sé seo go ndéileáiltear le hiarratas a bhaineann leis an Údarás agus na heagraíochtaí eile seo go seiftiúil agus go bhfuil siad géilliúlacht don reachtaíocht.

### 4.5.8 Cosaint Sonraí

Tá an tÚdarás cláraithe mar Stiúrthóir Sonraí faoi réir an Achta um Chosaint Sonraí 1988 agus an Achta um Chosaint Sonraí (Leasú) 2003. Baineann Cosaint Sonraí le cearta príobháideachta daoine a chosaint maidir le próiseáil a n-eolas pearsanta ag an Údaráis.

Lean an tÚdarás lena fheachtas feasachta maidir le cúrsaí Chosaint Sonraí trí oiliúint a sholáthar.

Ní bhfuair an tÚdarás aon iarratas rochtana sa bhliain 2010 faoi na hAchtanna.

# 4.6 Cumarsáid agus Teagmháil le Páirtithe Leasmhara




Léirigh an tÚdarás roinnt tuarascálacha le linn na bliana 2010

Trí obair ár bhfoireann Chumarsáid agus Teagmháil le Páirtithe Leasmhara, coinníonn an tÚdarás láithreacht rialta agus dhearfach sna meáin, ag obair leis na meáin chun a chinntiú go ndéantar tuairisciú cuí agus cruinn ar obair an Údaráis, ag soláthar eolas cothrom-le-dáta don phobal maidir lenár n-obair agus an turraing a bheidh aige ar sheirbhísí níos sábháilteachta agus níos fearr ar ardcháilíocht dóibh. Léiríonn ár gcur chuige maidir le cumarsáid croíluachanna an Údaráis mar eagraíocht féaráilte, oscailte agus trédhearcach.

## Cúlra

Tá an Stiúrthóireacht freagrach as comhordú a dhéanamh ar gach cumarsáide chuid an Údaráis, bíodh sé inmheánach nó seachtrach. Is é príomhfhócas na Stiúrthóireachta a chinntiú go bhfuil gach cumarsáid ón Údaráis comhordaithe, leanúnach, éifeachtach agus cairdiúil don phobal d’fhonn seachadadh croíchuspóirí an Údaráis a éascú.

Tríd an mbainistíocht réamhghníomhach de chumarsáid le gach páirtí leasmhara, rinne an Stiúrthóireacht um Chumarsáid agus Teagmháil le Páirtithe Leasmhara iarracht tuilleadh feabhas a chur ar fheasacht shoiléir i leith ról agus fheidhm an Údaráis i measc an phobail le linn na bliana 2010.

D'fhonn freastal ar dhíotha cumarsáide an Údaráis, feidhmíonn an Stiúrthóireacht ocht gcroífheidhm:

- caidrimh preasa agus meán
- teagmháil le páirtithe leasmhara
- cúrsaí poiblí agus parlaiminteacha
- straitéis imhéan
- suíomh gréasáin
- cumarsáid inmheánach
- foilsitheoireacht agus bainistíocht foilseacháin
- bainistíocht eachtraí

Tá an Stiúrthóireacht soghluaiste i leith na ndíotha cumarsáide agus teagmhála le páirtithe leasmhara de gach ceann eile de na Stiúrthóireachtaí taobh istigh den Údarás agus soláthraíonn sé seirbhís cumarsáide cuimsithí chun tacú leis an iarracht feabhsúcháin inbhuanaithe a chruthú agus a choinneáil a éascú i gcáilíocht agus i sábháilteacht seirbhísí cúraim sláinte agus sóisialta in Éirinn.

### 4.6.1 Achoimre ar ghníomhaíochtaí le linn na bliana 2010

Ceann de na príomhaidhmeanna atá ag an Stráitéis Cumarsáide de chuid an Údaráis, réadtiomnaithe sa bhliain 2008, ná guth neamhspleách, dearfach a bhunú agus a choinneáil trí obair an Údaráis a chur chun cinn ar bhonn leanúnach. Is bealach cumarsáide tábhachtaí é na meáin agus cuireann sé ar a chumas ag an Údarás teagmháil díreach a dhéanamh lena pháirtithe leasmhara.

## Caidrimh preasa agus meán




Jon Billings, Stiúrthóir Cháilíocht agus Sábháilteacht Cúraim Sláinte, ag freastal ar phreasagallamh ag an Údarás

Sa bhliain 2010, thug feidhm cumarsáide an Údaráis faoi chur chuige réamhghníomhach, oscailte, trédhearcach leis na meáin trí phreaseisiúintí agus ráitis a eisiúint, tuarascálacha a fhoilsiú agus freagra a thabhairt ar gach ceist faighte. Bhí seisiúin eolais don phreas aici go rialta, nuashonraigh sé na meáin maidir le hobair an Údaráis agus thug sí faoi fheachtais cumarsáide sna meáin, lena n-áirítear cruinnithe le hiriseoirí, preasagallaimh agus agallaimh.

Cuireann ár ngníomhaíochtaí ar fad sna meáin obair an Údaráis chun cinn tríd na tairbhí a bhaineann lenár gcuid oibre a mhionsonrú don phobail agus ról agus sainchúram an Údarás a chur faoi bhráid an phobail. Tá sé mar aidhm ag caidrimh preasa agus meán de chuid an Údaráis tuairisciú cothrom agus féaráilte a ghiniúint ag cur ár n-eochairtheachtaireachtaí maidir le ról, sainchúram agus feidhmeanna an Údaráis chun cinn.

## Teagmháil le páirtithe leasmhara

Tá sé mar choíchuspóir an Údaráis tabhairt faoi chomhairliú cuimsitheach, thar gach grúpa páirtithe leasmhara ábhartha d'fhonn a chinntiú go bhfanaimid freagrach do dhíotha na ndaoine a úsáideann agus a sholáthraíonn seirbhísí cúraim sláinte agus sóisialta.

Sa bhliain 2010, rinne an Stiúrthóireacht comhordú ar chúig chomhairliú. Chuimsigh siad seo an comhairliú poiblí ar na *Dréachtchaighdeáin Náisiúnta do Chúram Sláinte níos Sábháilte agus Níos Fearr* agus ar na *Dréachtchaighdeáin Cáilíochta Náisiúnta Do Sheirbhísí Cónaitheacha agus Cúraim Altramú do Leanaí agus Daoine Óga*; comhairliú cuspóra ar *Eolas Atreoraithe Othair a Chaighdeánú: Dréacht-theimpléad Náisiúnta le haghaidh Comhairlithe*; agus ar *Threoirlínte don Anailís Turrainge Buiséadaí de Theicneolaíochtaí Sláinte in Éirinn* agus *Treoirlínte don Mheasúnú Eacnamaíochta de Theicneolaíochtaí Sláinte in Éirinn*.

Ghlacamar páirt freisin sa chomhairliú de chuid Fhoras Oispíse na hÉireann ar cúram deireadh-saoil agus chuireamar eolas ar fáil agus bhí ionchur againn i roinnt tionscadail sheachtracha eile a bhí díreach bainteach lenár sainordú cúraim sláinte agus sóisialta.

D'fhoilsíomar, i gcomhpháirtíocht leis an bhFóram Rialála um Chúram Sláinte agus Sóisialta, an *Creatlach do Rannpháirtíocht Úsáideora Poiblí agus Seirbhíse i Rialachán Cúraim Sláinte agus Sóisialta in Éirinn*.

Ritheamar suirbhé poiblí a léirigh an tuairim náisiúnta maidir le gothaí i leith cháilíocht agus sábháilteacht cúraim sláinte in Éirinn.

## Cúrsaí Poiblí agus Parlaiminteacha

Tríd a fheidhm chúrsaí poiblí agus parlaiminteacha cinntíonn an tÚdarás go bhfanann sé freagrach don Rialtas agus Tithe an Oireachtais, ag cinntiú go soláthraítear eolas cruinn agus cothrom-le-dáta ar bhealach prapúil. Sa bhliain 2010, d'fhreagair an tÚdarás do 53 ceist parlaiminteacha. Anuas air sin, rinne an tÚdarás cur i láthair ag an gComhchoiste um Shláinte agus Leanaí.

## Stráitéis Ilmheán

Sa bhliain 2010 rinneadh dul chun cinn suntasach ar fhorbairt agus ar chomhtháthú straitéis ilmheán do gach caidreamh meán, ag léirí cleachtais is fearr sa réimse seo. Rith an tÚdarás a chéad fheachtas ilmheán lán-chomhtháite ar na *Dréachtchaighdeáin um Chúram Sláinte níos Sábháilte agus níos Fearr*. Chláraigh an tÚdarás ar Facebook agus ar Twitter d'fhonn cumarsáide a dhéanamh ar obair an Údaráis tríd na cainéil seo. D'fhreagair sé díreach ar ceisteanna curtha ag an bpobal. Lean an Stiúrthóireacht ag cur le láithreacht an Údaráis ar na suímh líonraithe sóisialta seo. Faoi dheireadh na bliana 2010, bhí taifead de 188 leantóirí Facebook agus 115 leantóirí Twitter ag an Stiúrthóireacht.

Bhaineamar úsáid as YouTube agus iTunes don chéad uair le linn na bliana 2010. Léiríomar Podcast agus closleabhar chun tacú le seoladh an chomhairlithe ar na *Dréachtchaighdeáin Náisiúnta le haghaidh Chúram Sláinte Níos Sábháilteachta agus Níos Fearr*. A bhuí leis an tionscadal, seinneadh an fís Youtube 900 uair agus íoslódáladh MP3 88 uair ón ár suíomh gréasáin.

## Suíomh Gréasáin

Sa bhliain 2010 lean an Stiúrthóireacht le tionscadal mór ar athdhearadh shuíomh gréasáin an Údaráis chun insroichteacht a mhéadú agus chun tús a chur le feidhmeanna nua an Údaráis a léiriú. Leanfaidh an obair seo a aghaidh le linn na bliana 2011 agus is forbairt shuntasach é i dtreo gach eolas a thagann ón Údarás a chur ar fáil go poiblí. Comhtháthóidh suíomh gréasáin nua an Údaráis lena n-uirlisí líonraithe sóisialta féin ar bhealach níos éifeachtúla d'fhonn a chinntiú go bhfuil rochtain ag an bpobal ar gach eolas.

Ag deireadh na bliana 2010, rinne an Stiúrthóireacht taifead ar i bhfad níos mó daoine ag tabhairt cuairt ar shuíomh gréasáin an Údaráis: méadú de 60% ar líon na gcuairteanna chuig an suíomh gréasáin ar an mbliain roimhe, méadú de 75% ar amhairc leathanaigh agus méadú de 70% ar chuairteoirí uathúla. Dhearbhaigh sé seo go bhfuil an suíomh gréasáin anois ina fhoinse eolais rialta maidir le hobair an Údaráis don phobal agus d'iriseoirí araon.

### Cumarsáid Inmheánach

Lean an tÚdarás ar aghaidh ag cur a phlean cumarsáide inmheánaí i bhfeidhm; léirigh sé ríomhiris mhíosúil do bhaill foirne *Inside Track*, iris ar líne de chuid an Údaráis do bhaill foirne. Bhí ceithre sheisiún *Lón agus Foghlaim* aige freisin a thug an deis do bhaill foirne foghlaim faoi thionscnaimh. D'éascaigh an Stiúrthóireacht Club Journal faoi cheathair a spreagann agus a shrathraíonn roinnt saineolais agus eolais tras-stiúrthóireachta agus tugann sé an deis do bhaill foirne athbhreithniú agus moladh a dhéanamh ar ailt irise um chúram sláinte agus sóisialta d'eochairfhoghlama a bhaineann leis an Údarás.

### Foilsitheoireacht agus Bainistíocht Foilseacháin

Rinneadh dul chun cinn suntasach i rith na bliana ar thuilleadh forbartha agus cur i bhfeidhm, thar an eagraíocht, ar pholasaithe cleachtais is fearr ar scríobh tuarascála agus bainistíocht foilseacháin. Cuireadh obair shuntasach i gcrích sa bhliain 2010 ar fhoilsiú tuarascálacha an Údaráis.

### Bainistíocht Imeachtaí

D'oibrigh an Stiúrthóireacht, i gcomhpháirtíocht leis an Stiúrthóireacht um Mheasúnú ar Theicneolaíocht Sláinte agus páirtithe idirnáisiúnta, le chéile ar an gcomhdháil idirnáisiúnta, *HTAi 2010: Ag Uasmhéadú Luach Mheasúnú ar Theicneolaíocht Sláinte*. Thacaigh an Stiúrthóireacht leis an réamh-phleanáil agus leis an mbainistíocht imeachta agus rinne sé bainistíocht ar an deasc preasa ar an láthair le linn na comhdhála.

## 4.7 Oifig an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin

### Cúlra

Soláthraíonn oifig an POF maoirseacht, stiúir agus tacaíocht chun go mbeidh sé ar a chumas ag an Údarás a chuspóirí a sheachada taobh istigh de chreatlach rialachais. Cuimsíonn sé seo tacaíocht éifeachtach a sholáthar don Bhord agus do Choistí an Bhoird agus ag cinntiú go gcomhlíonann an tÚdarás a dhíotha reachtúla.

### 4.7.1 Gníomhaíochtaí an Bhoird agus Choistí an Bhoird

Bhain eochair cheantair oibre le linn na bliana 2010 le tacaíocht a thabhairt don Bhord agus do Choistí an Bhoird, lena n-áirítear maoirseacht a dhéanamh ar an bpróiseas athnuachana an Bhoird. Ceapadh cúig chomhalta boird nua ar an 15 Bealtaine 2010, ag glacadh áiteanna na gcomhaltaí ar a tháinig deireadh lena dtionachtaí ar an mBord. Sheachadadh clár ionduchtaithe d'fhonn an chinntiú go raibh cur amach ag na comhaltaí Boird nua ar a ndualgais agus a bhfreagrachtaí agus le hobair an Údaráis.

Gach bliain, déanann an Bord athbhreithniú ar a fheidhmiúlacht agus cuirtear moltaí i bhfeidhm dá bharr chun dul i ngleic le haon cheantar ar a dteastaíonn feabhas nó forbairt. Déanann coistí athbhreithniú ar a ngníomhaíocht go bliantúil, chomh maith lena dtéarmaí tagartha agus a mballraíocht d'fhonn a chinntiú go léiríonn siad díotha rialachais an Údaráis.

Le linn 2010:

- Bhuail an Bord faoi 14
- Bhuail an Coiste um Rialachas Sláinte agus Cúraim Sóisialta faoi thrí
- Bhuail an Coiste Iniúchta agus Rialachais Chorparáidigh faoi cheathair
- Bhuail an Coiste Teicneolaíochta agus Taighde Faisnéise faoi thrí
- Bhuail an Coiste Luacha Saothair agus Ainmniúcháin faoi thrí.

### 4.7.2 Cód Rialachais

Rinne an tÚdarás athbhreithniú ar a Lámhleabhar Chód Rialachais le linn na bliana 2010 d'fhonn an Cód Cleachtais Athbhreithniú le haghaidh Rialachais Eagraíochtaí Stáit a léiriú agus chuir sé an lámhleabhar athbhreithnithe faoi bhráid an Aire. Mar chuid den lámhleabhar athbhreithnithe, rinne an tÚdarás forbairt ar roinnt gnáthaimh Bhoird bhreise d'fhonn córais rialachais a neartú timpeall Bhord an Údaráis. Anuas air sin, tá lámhleabhar rialachais chorparáidigh forbartha do bhaill foirne ag clúdach eochairghnéithe de bhainistíocht chorparáideach agus iompar gnó ionas go bhfuil tuiscint dhea-fhorbartha i measc foirne ar a ndualgais maidir le géilliúlacht leis an gCód Rialachais.

Mar chuid de Thuarascáil Bhliantúil an Údaráis, teastaíonn tuarascáil ar shocruithe an Údaráis maidir le cur i bhfeidhm agus géilliúlacht a choinneáil dá Chód Rialachais. Tá Bord an Údaráis freagrach as córas rialacháin inmheánaigh an Údaráis agus as athbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar éifeachtach a rialacháin inmheánacha, lena n-áirítear airgeadas, feidhmíocht, rialacháin géilliúlachta agus bainistíocht riosca[3].

Mar chuid den tuarascáil seo, tá ráiteas ar éifeachtacht córais rialacháin inmheánaigh na heagraíochta san áireamh. Tagann na dearbhuithe seo ó fhoinsí éagsúla lena n-áirítear:

- obair iniúchta inmheánaigh
- Iniúchadh an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste Airgeadais
- POF agus Stiúrthóirí Feidhmitheacha ag tuairisciú chuig an mBord
- Struchtúr Choiste an Bhoird
- bainistíocht riosca
- caint leanúnach le agus dúshlán chuig an mBainistíocht Fheidhmitheach.

[3] *An Roinn Airgeadais Cód Cleachtais le haghaidh Rialachais eagraíochtaí Stáit. Mír 10.1*

Bhunaigh an tÚdarás próiseas foirmiúil le linn na bliana 2010 d'fhonn dearbhú cuimsitheach a chinntiú chun tacú leis an ráiteas seo. Cuireann an próiseas ar a gcumas ag na Coistí athbhreithniú a dhéanamh, ar son Bhord an Údaráis, faoi réir Mhír 10.1 den Chód Cleachtais le haghaidh Rialachais eagraíochtaí Stáit, ar éifeachtúlacht rialúchán inmheánacha chóras an Údaráis.

Ag na coistí, soláthraítear dearbhú ón mBainistíocht Fheidhmitheach go bhfuil feidhmeanna an Údaráis á chur i bhfeidhm i ngéilliúlacht leis an Acht Sláinte 2007 agus reachtaíocht agus treoir earnála poiblí ábhartha.

Seo a leanas na ceithre choiste:

| Coistí | |
|---|---|
| **Coiste Iniúchta agus Rialachais Chorparáidigh** | tuarascáil ar ghéilliúlacht le/easpa géilliúlachta le hoibleagáidí reachtúla na hearnála poiblí<br><br>ráiteas ar rialachán airgeadais inmheánaigh agus soláthar agus<br><br>ráiteas ar bhainistíocht riosca |
| **Coiste Faisnéise, Taighde agus Teicneolaíochtaí** | ráiteas ar na rialúcháin oibríochtúla (polasaithe agus gnáthaimh) chun eolas sláinte agus gníomhaíochtaí teicneolaíochta sláinte a chur i bhfeidhm agus dearbhú go bhfuiltear ag tabhairt faoi na feidhmeanna de réir na paraiméadair reachtúla |
| **Coiste Rialachais Sláinte agus Cúraim Sóisialta** | ráiteas ar na rialúcháin oibríochtúla (polasaithe agus gnáthaimh) chun an cháilíocht cúraim sláinte agus gníomhaíochtaí SSI a chur i bhfeidhm agus dearbhú go bhfuiltear ag tabhairt faoi na feidhmeanna de réir na paraiméadar reachtúla |
| **Coiste Luach Saothair agus Ainmniúcháin** | tuarascáil ar athbhreithnithe gníomhaíochta den fhoireann bainistithe feidhmithí |

Ag leanúint athbhreithnithe ag na Coistí, cuirtear tuarascáil dhíolamtha i láthair chuig an mBord go bliantúil, roimh don Bhord ainm a chur leis an tuarascáil bhliantúil agus na cuntais agus ráitis bhliantúla a theastaíonn ón mBord. Tá an tuarascáil Rialachais iomlán in Aguisín 3.

Anuas ar an gcur chuige seo, cuirtear rialacháin airgeadais faoi bhráid Bhord an Údaráis dhá uair sa bhliain agus is cuid rialta é bainistíocht riosca ar an gclár ag cruinnithe Stiúrthóireachta, Feidhmitheacha, Boird agus Coiste.

Maidir le gnáthráitis dearbhaithe, tá sé éagosúil gur féidir dearbhuithe cinnte a thabhairt ar an ábhar go bhfuil an fhéidearthacht ann rudaí a fheabhsú i gcónaí. Ach, leagtar béim ar cheantair ar a dteastaíonn forbairt agus feabhas agus déanann an fhoireann Bainistithe Feidhmithí iad a leigheas le linn an chéad bhliain eile.

### 4.7.3 Cód Iompar Gnó

Rinneadh athbhreithniú ar Chód Iompar Gnó don Údarás mar chuid den Lámhleabhar Rialachais Chorparáidigh. Tá gnáthaimh i bhfeidhm d'fhonn a chinntiú go bhfuil an tÚdarás:

- géilliúlacht leis an reachtaíocht maidir le hEitic in Oifigí Poiblí
- ag bainistiú ócáidí ina d'fhéadfadh coinbhleacht leasa teacht chun cinn
- ag cinntiú go dtuigeann comhaltaí Boird a ndualgas agus go ndearbhaíonn siad an tuiscint sin i scríbhinn.

### 4.7.4 Feidhm dlíthiúil

Sa bhliain 2010, bhunaigh an tÚdarás feidhm dlíthiúil inmheánach le dlíodóir cáilithe amháin fostaithe inti. Tá na rudaí seo a leanas déanta ag an bhfeidhm dlíthiúil inmheánach:

- chuir sí comhairle dlíthiúil ar bhaill foirne an Údaráis i gcúinsí a rachfaí sa tóir ar chomhairle dlíthiúil ó chomhairleoirí dlíthiúla seachtracha cheana
- d'fheidhmigh sí mar phointe teagmhála do gach iarratas ar chomhairle dlíthiúil chun iarratais mar seo a rochtain agus costais a laghdú

- chomhthadhaill sí le comhairleoirí dlíthiúla seachtracha chun athbhreithniú a dhéanamh ar an tseirbhís soláthraithe agus d'fhonn comhairle prapúil agus luach ar airgead a chinntiú
- dhréachtaigh sí forthairiscint chuimsitheach le haghaidh seirbhísí dlíthiúla seachtracha ar leith
- threoraigh sí iarratas na Príomhchigire Seirbhíse chuig an gCúirt Dúiche le haghaidh ordú eatramhach ex parte práinneach chun clárú ionad ainmnithe a chur ar ceal
- d'oibrigh sí ar an athbhreithniú cuimsitheach de chur i bhfeidhm coinníollacha ar chlárú ionad ainmnithe
- d'oibrigh sí ar an athbhreithniú cuimsitheach de phróiseas cláraithe ionad ainmnithe.

### 4.7.5 Creatlach Measúnaithe Gníomhaíochta agus Bainistíocht Riosca

Thar an dá bhliain deiridh, tá Creatlach Measúnaithe Gníomhaíochta tar éis a bheith bunaithe chun dul chun cinn an Údaráis a bholtanú i gcoinne a chuspóirí straitéiseacha agus gnó agus na rioscaí gaolmhara. Cinntíonn sé seo go coinníonn an tÚdarás a fhócas ar a chuspóirí agus déanann sé monatóireacht ar a stádas le linn na bliana.

Rinneadh iniúchadh inmheánach ar chóras bainistithe riosca an Údaráis le linn 2010. Tá moltaí ón iniúchadh seo á chur i bhfeidhm atá ag neartú an próiseas bainistithe riosca reatha.

# 5 Eolas Airgeadais



## 5.1 Ráitis Airgeadais

Ní chuimsíonn an t-eolas airgeadais achoimrithe a leagtar amach sa tuarascáil seo cuntais an Údaráis don tréimhse dár críoch 31 Nollaig 2010 de réir mhír 35 (4) den Acht Sláinte 2007.

### Cuntas Achoimrithe Ioncaim agus Caiteachais an Údaráis don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010:

| **Ioncam** | **€'000** |
|---|---|
| An Roinn Sláinte agus Leanaí | 9,500 |
| Táillí Bhliantúla agus Táillí Clárúcháin | 5,019 |
| Ioncam Chomhdháil HTAi 2010 | 1,063 |
| Ioncam Eile | 509 |
| Ioncam Iomlán | **16,091** |
| **Caiteachas** | |
| Imscrúduithe agus Táillí Gairmiúla | 482 |
| Costais Foirne | 11,757 |
| Taisteal agus cothabháil | 526 |
| Taighde agus eisiúint | 287 |
| Costas Chomhdháil HTAi 2010 | 916 |
| Tacaíocht agus Bunaíocht | 2,351 |
| | |
| Caiteachas Iomlán | 16,319 |
| | |
| Barrachas ioncaim thar Chaiteachas | (228) |
| Cúlchiste Tosaigh | 1,011 |
| | |
| Cúlchiste Deiridh | 783 |


Tagann an t-eolas seo ó chuntais dréachta mar, nuair a bhí an Tuarascáil Bhliantúil seo á foilsiú, ní raibh iniúchadh déanta ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste Airgeadais ar na cuntais seo, agus mar sin, ní féidir leis an Údarás iad a chur i gcrích.

### Cuntas Achoimrithe Caipitil don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010:

| **Ioncam** | **€'000** |
| --- | --- |
| An Roinn Sláinte agus Leanaí | 345 |
| **Caiteachas** | |
| Caiteachas Caipitil | 345 |
| | |
| Barrachas / (Easnamh) don Tréimhse | – |
| | |
| Cúlchiste Tosaigh | – |
| | |
| Aistriú ó Chúlchiste Ioncaim | – |
| Cúlchiste Deiridh | – |

Le haghaidh tuilleadh eolais, ba chóir féachaint ar na cuntais iomlán don tréimhse dar críoch 31 Nollaig 2010, agus deimhniú an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste do na cuntais, nuair atá siad réidh. Nuair atá na rudaí seo réidh, is féidir cóipeanna de na cuntais seo a fháil ó Cheannáras an Údaráis i gCorcaigh.

# 6 Aguisíní



# Aguisín 1: Gníomhaíocht agus Tinreamh an Bhoird

De réir an Achta Sláinte 2007, tionólfaidh an Bord cibé cruinnithe is gá chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh ach gach bliain tiocfaidh sé le chéile uair amháin ar a laghad gach dhá mhí. Seo a leanas na sé chruinniú sceidealaithe chomh maith le tinreamh gach ball an Bhoird.

## Tinreamh ag na sé chruinniú rialta agus cruinnithe eile a bhí riachtanach de réir na reachtaíochta de chuid an Bhoird sa bhliain 2010

| Dátaí chruinnithe rialta an Bhoird 2010 | 20 Ean | 24 Márta | 26/27 Bealtaine** | 7 Iúil | 22 MFomh | 17 DFomh | Tinreamh le haghaidh Gnáthchruinniú Boird |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Pat Mc Grath | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair* | 6 as 6 |
| Brian Barry | I láthair | I láthair | I láthair | As láthair | I láthair | I láthair | 5 as 6 |
| Angela Kerins | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | As láthair | 5 as 6 |
| Geraldine McCarthy | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | 6 as 6 |
| Sheila O'Connor | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | 6 as 6 |
| Dolores Quinn | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | 6 as 6 |
| Grainne Tuke | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | 6 as 6 |
| Philip Caffrey | Comhalta Boird ó mhí Bealtaine 2010 | | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | 4 as 4 |
| Richard Hannaford | Comhalta Boird ó mhí Bealtaine 2010 | | As láthair | I láthair | I láthair | I láthair | 3 as 4 |
| Sam McConkey | Comhalta Boird ó Bhealtaine 2010 | | As láthair | I láthair | I láthair | I láthair | 3 as 4 |
| Damien McLoughlin | Comhalta Boird ó mhí Bealtaine 2010 | | I láthair | As láthair | As láthair | I láthair | 2 as 4 |
| Cillian Twomey | Comhalta Boird ó mhí Bealtaine 2010 | | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | 4 as 4 |
| David O'Hora | I láthair | I láthair | D'fhág sé an Bord i mí Bealtaine 2010 | | | | 2 as 2 |
| Michael Barry | I láthair | As láthair | D'fhág sé an Bord i mí Bealtaine 2010 | | | | 1 as 2 |
| Ian Callanan | I láthair | I láthair | D'fhág sé an Bord i mí Bealtaine 2010 | | | | 2 as2 |
| Brian Meade | I láthair | As láthair | D'fhág sé an Bord i mí Bealtaine 2010 | | | | 1 as 2 |
| Dan Byrne | I láthair | As láthair | D'fhág sé an Bord i mí Bealtaine 2010 | | | | 1 as 2 |
| Tinreamh iomlán | 12 | 9 | 11 | 9 | 11 | 11 | |

* *páirt-aimseartha*

** *Is aon chruinniú amháin iad an 26 agus an 27 Bealtaine*

Chomh maith le líon chruinnithe an Bhoird atá ag teastáil chun riachtanais an Achta Sláinte 2007 a chomhlíonadh, thionóil an Bord cúig Chruinniú sa bhreis chun feidhmeanna an Údaráis a chur chun cinn.


## Tinreamh ag na hocht gcruinniú urghnácha an Bhoird sa bhliain 2010

| Dátaí chruinnithe rialta an Bhoird 2010 | 22 Feab | 8 Márta | 15 Márta | 18 Márta | 28 Aibreán | 19 Bealtaine | 4 Lún | 7 Noll** | Tinreamh le haghaidh Gnáthch-ruinniú Boird |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Pat Mc Grath | As láthair | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | 7 as 8 |
| Brian Barry | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | 8 as 8 |
| Angela Kerins | As láthair | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | As láthair | I láthair | As láthair | 5 as 8 |
| Geraldine McCarthy | As láthair | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | As láthair | As láthair | 5 as 8 |
| Sheila O'Connor | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | As láthair | 7 as 8 |
| Dolores Quinn | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | As láthair | I láthair | I láthair | As láthair | 6 as 8 |
| Grainne Tuke | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | 8 as 8 |
| Philip Caffrey | Comhalta Boird ó mhí Bealtaine 2010 | | | | | I láthair | As láthair | I láthair | 2 as 3 |
| Richard Hannaford | Comhalta Boird ó mhí Bealtaine 2010 | | | | | I láthair | I láthair | I láthair | 3 as 3 |
| Sam McConkey | Comhalta Boird ó mhí Bealtaine 2010 | | | | | I láthair | I láthair | I láthair | 3 as 3 |
| Damien McLoughlin | Comhalta Boird ó mhí Bealtaine 2010 | | | | | I láthair | I láthair | As láthair | 2 as 3 |
| Cillian Twomey | Comhalta Boird ó mhí Bealtaine 2010 | | | | | As láthair | (COI)[1] | I láthair | 1 as 3 |
| David O'Hora | I láthair | As láthair | I láthair | I láthair | I láthair | D'fhág sé an Bord i mí Bealtaine 2010 | | | 4 as 5 |
| Michael Barry | (COI)[1] | I láthair | I láthair | As láthair | As láthair | D'fhág sé an Bord i mí Bealtaine 2010 | | | 2 as 5 |
| Ian Callanan | (COI)[1] | I láthair | As láthair | I láthair | I láthair | D'fhág sé an Bord i mí Bealtaine 2010 | | | 3 as 5 |
| Brian Meade | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | D'fhág sé an Bord i mí Bealtaine 2010 | | | 5 as 5 |
| Dan Byrne | As láthair | I láthair | I láthair | I láthair | I láthair | D'fhág sé an Bord i mí Bealtaine 2010 | | | 4 as 5 |
| Tinreamh iomlán | 6 | 11 | 11 | 11 | 10 | 10 | 9 | 7 | |

*** Sneachta/Leac oighir*

1 *Nuair a dhéantar plé ag cruinniú maidir le hábhar a d'fhéadfadh a bheith ina choinbhleacht leasa (CL) do bhall an Bhoird, leagann nósanna imeachta an Bhoird amach nár chóir don bhall sin a bheith páirteach sa phlé.*

# Aguisín 2: Struchtúr na hEagraíochta



# Aguisín 3: Tuarascáil Rialachais agus Géilliúntais Bhliantúil don Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte

## 1. Réamhrá

Tá Bord an Údaráis freagrach as córas rialacháin inmheánaigh an Údaráis agus as athbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar éifeachtach na rialacháin inmheánacha, lena n-áirítear airgeadas, feidhmíocht, rialacháin géilliúlachta agus bainistíocht riosca. [4]

Sonraíonn an tAcht Sláinte 2007 gur cheart do Chód Rialachais an Údaráis imlíne de na 'rialacháin inmheánacha a chur san áireamh, lena n-áirítear a ghnáthaimh maidir leis an iniúchadh inmheánach, bainistíocht riosca, soláthair phoiblí agus tuairisciú airgeadais' agus go dtaispeánfaidh 'an tÚdarás ina thuarascáil bhliantúil a socruithe chun géilliúlacht leis an gCód Rialachais a chur i bhfeidhm agus a choinneáil'.

## 2. Rialachas agus Géilliúlacht

Chun dul i ngleic lena dhualgas i leith seo, tá cur chuige bunaithe ag Bord an Údaráis ina sholáthraíonn gach Stiúrthóir/Ceann san Údarás ráiteas dearbhuithe bhliantúil chuig Coistí an Bhoird maidir le héifeachtúlacht na rialacháin inmheánacha taobh istigh dár gceantar freagrachta.

Ag leanúint an athbhreithniú seo ag Coistí an Bhoird, soláthraítear tuarascáil chuig Bord an Údaráis a imlíníonn na ráitis dearbhuithe aonair. Clúdaíonn na ráitis príomhfheidhmeanna an Údaráis lena n-áirítear: eolas sláinte, measúnú ar theicneolaíocht sláinte, cáilíocht agus sábháilteacht cúraim sláinte agus stiúrthóireacht seirbhísí sóisialta.

D'fhéach an t-athbhreithniú ar na próisis agus na gnáthaimh atá i bhfeidhm d'fhonn a chinntiú go bhfuil feidhmeanna an Údaráis bainistithe agus rialaithe go héifeachtach agus laistigh de na paraiméadair reachtúla socruithe ag an Acht Sláinte 2007. Nuair a mheastar go raibh ceantair le forbairt, breathnófar orthu seo sa bhliain atá romhainn.

Tá sraith polasaithe agus gnáthaimh chorparáideacha láidre bunaithe ag an Údarás in airgeadas, acmhainní daonna agus bainistíocht faisnéise d'fhonn a chinntiú go bhfuil na gníomhaíochtaí seo curtha i bhfeidhm taobh istigh de chóras éifeachtach de rialacháin inmheánacha.

[4] *An Roinn Airgeadais Cód Cleachtais le haghaidh Rialachais eagraíochtaí Stáit Mír 10.1*

## 3. Géilliúlachta reachtúla le reachtaíocht a rialaíonn an earnáil phoiblí

### 3.1 Earcaíocht

Tá polasaithe agus gnáthaimh le haghaidh earcaíochta ag an Údarás bunaithe ar na Cóid Chleachtais ábhartha den Choimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CPSA). Tuairiscigh iniúchadh sa bhliain 2009 géilliúlacht leis na prionsabail earcaíochta den Choimisiúin.

### 3.2 An tAcht um Mhíchumas 2005

Cuireann an tAcht um Mhíchumas 2005 oibleagáidí ar fhostaithe na hearnála poiblí maidir le fostú daoine faoi mhíchumas. Tá an tÚdarás tar éis géilleadh do na forálacha seo.

### 3.3 Reachtaíocht Comhionannais

Tá roinnt polasaithe agus gnáthaimh i bhfeidhm ag an Údarás chun géilliúlacht le forálacha na nAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998-2004, a éascú.

### 3.4 Saoráil Faisnéise

Tá polasaí agus gnáthamh ag an Údarás chun déileáil le hiarratais eolais faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise 1997 agus 2003.

### 3.5 Sláinte agus Sábháilteacht

Tá Oifigeach Sláinte agus Sábháilteachta ceaptha ag an Údarás agus tá Ráiteas Sláinte agus Sábháilteachta uchtaithe aige freisin. Déanann Coiste Sláinte agus Sábháilteachta maoirseacht ar chur i bhfeidhm pholasaí sláinte agus sábháilteachta taobh istigh den Údarás.

### 3.6 Cosaint Sonraí

Tá an tÚdarás cláraithe mar Stiúrthóir Sonraí i ngéilliúlacht leis na hAchtanna um Chosaint Sonraí. Tá Oifigeach Cosanta Sonraí ceaptha ag an Údarás agus is é an ról atá aige ná cuidiú leis an Údarás agus a fhoireann a bheith géilliúlacht le géilliúlacht cosanta sonraí, go príomha.

### 3.7 Soláthar Poiblí

Tá polasaí agus gnáthaimh i bhfeidhm ag an Údarás chun géilliúlacht sa cheantar seo a chinntiú agus próiseas i bhfeidhm atá mar aidhm aige luach ar airgead a bhaint amach i ngach gníomhaíocht ceannaíochta agus go gcloíonn an fhoireann bainteach le hearraí agus seirbhísí a cheannach leis na rialacháin ábhartha.

### 3.8 Íocaíocht Phrapúil Cuntais

Éilíonn an tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997 agus na leasanna a tháinig ina dhiaidh sin ar eagraíochtaí poiblí íoc as soláthar earraí nó seirbhísí faoin am a thagann 'an dáta íocaíochta leagtha síos'. Tá an tÚdarás go hiomlán tiomanta d'íocaíocht pras dá sholáthraithe. Tá sé sásta go ndéantar íocaíocht faoin dáta íocaíochta leagtha síos in an chuid is mó de chásanna. Feabhsóidh uasghrádú pleanáilte de chórais airgeadais dearbhú sa cheantar seo.

### 3.9 Eitic in Oifig Poiblí

Tá próiseas i bhfeidhm d'fhonn a chinntiú go ndéanann comhaltaí Boird agus baill foirne ábhartha na dearbhuithe cuí go bliantúil i ngéilliúlacht leis an oibleagáid reachtúla seo.

### 3.10 Rialachas

Tá Lámhleabhar Chód Rialachais forbartha ag an Údarás chomh maith le Cód Conduchta Gnó i gcomhréir na dTreoirlínte atá le fáil sa Chód Rialachais le haghaidh Eagraíochtaí Stáit. Rinne an Roinn Sláinte agus Leanaí forbairt ar seicliosta Rialachas Corparáideach bliantúil le déanaí agus chuir an tÚdarás i gcrích é. Tá an tÚdarás géilliúlacht leis an seicliosta seo.

### 3.11 Bainistíocht Riosca

Rinneadh athbhreithniú ar pholasaí bainistithe riosca an Údaráis le déanaí. Tá plean chun an próiseas reatha bainistithe riosca a fheabhsú á chur i bhfeidhm. Tugtar rioscaí chuig an Bord agus chuig na Coistí go minic. Tá an tÚdarás géilliúlacht do na díotha sa Chód Cleachtais d'eagraíochtaí Stáit.

### 3.12 Iniúchadh Inmheánach

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh bunaithe ag an Údarás a dhéanann athbhreithniú ar eochair cheantair cosúil le rialúcháin airgeadais, próisis soláthair, bainistíocht riosca agus gnáthaimh oibríochtúla eile taobh istigh den Údarás. Déanann an Coiste Iniúchta agus Rialachais Chorparáidigh maoirseacht ar an bhfeidhm seo.

### 3.13 Bainistíocht Chorparáideach agus Tuairisciú

Tá an tÚdarás géilliúlacht do na scálaí ama reachtúla chun forbairt a dhéanamh ar na Pleananna Corparáideacha agus Gnó agus tá próiseas ann chun forbairt na ndoiciméad seo a threorú. Tá creatlach tuairiscithe ann chun monatóireacht a dhéanamh ar an bPlean Corparáideach agus chun gnáth-thuairisciú i gcoinne na spriocanna agus na dtáscairí leagtha amach sa Phlean Gnó.

**Ceannáras**

Aonad 1301,
Geata na Cathrach,
Machain,
Corcaigh

**T:** +353 21 240 9300
**E:** info@hiqa.ie

**Oifig Réigiúnach Bhaile Átha Cliath**

Cúirt Sheoirse,
Lána Sheoirse,
Baile Átha Cliath 7

**T:** +353 1 814 7400
**E:** info@hiqa.ie

Foilsithe ag an Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte © 2011.

Health Information and Quality Authority

An tÚdarás Um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte